



Bord Iascaigh Mhara
Irish Sea Fisheries Board

Tuarascáil Bhliantúil BIM



2015

“Tá rún docht,
daingean againn, an ré
tearcghnóthachtála san
earnáil mhuirí a fhágáil inár
ndiaidh. Is mian linn
an saibhreas mara atá
againn a bheith ina chuid
lárnach de théarnamh
eacnamaíoch agus fás
inbhuanaithe na tíre,
rud a bheidh chun leasa
shóisialta, chultúrtha agus
eacnamaíoch gach duine
sa phobal.”

Enda Kenny/Simon Coveney
Ag Baint Tairbhe as ár Saibhreas Muirí, Iúil 2012

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	06
Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh	08
Na Ceithre Chrann Taca:	
Scileanna	11
Inbhuanaitheacht	14
Nuálaíocht	23
Iomaíochas	26
Rialachas Corparáideach	30
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	32
Na Ráitis Airgeadais	33
Ráiteas maidir le Freagrachtaí	34
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	35
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	36
Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach	37
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	38
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid	39
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	40
Deontais	59

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Ó mhuir Éireann chomh fada leis an Atlantach fiáin, is acmhainn ábhal, gan sárú é limistéar muirí na hÉireann, agus de réir a chéile, tá aird á tarraingt air, agus an aird sin tuillte, as an ról lárnach is féidir a bheith aige i saol eacnamaíoch na tíre sa todhchaí.



I láthair na huaire, tá thart ar 8,500 duine fostaithe i rólanna lán- agus páirtaimseartha sa tionscal bia mara, figiúr a ardaíonn go 11,000 nuair a chuirtear fostaíocht chúnta san áireamh. I dtaca le OTI, b'fhiú beagnach €1 billiún an tionscal bia mara don gheilleagar in 2015, agus ba rannchuidiú ríthábhachtach é seo do cheantair iargúlta an chósta. Anuas air sin, is earnáil ilghnéitheach é atá de shíor ag fabhrú, agus a chuimsíonn iascach mara, próiseáil bia agus comhábhar, agus dobharshaothrú. Léiríonn an earnáil seo dintiúir den scoth trí fheidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde maidir le cáilíochtaí, inbhuanaitheacht agus sábháilteacht bia.

D'fhéadfaí a mhaíomh gurb í seo an earnáil trádála is sine dá bhfuil againn, agus tá an tionscal bia mara anois ar tí fás láidir, inbhuanaithe a bhaint amach sna deich mbliana atá romhainn, ar bhonn éilimh bhuacaigh easpórtála; creata chomhtháite tacaíochta leathstáit, rialtais agus AE' agus daingnithe cumais thionsclaíoch chun freastal ar éilimh éagsúla tomhaltóirí timpeall an domhain.

Le linn 2015, cuireadh an-chuid beart earnála agus tionscail i gcrích, ar ghlac Bord Iascaigh Mhara (BIM) ról iontu, bíodh sin ina ról ceannaireachta nó ina ról tacaíochta. Tá na bearta seo leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil, agus ina measc, ba mhaith liom aird ar leith a dhíriú ar na cinn seo a leanas: seoladh Food Wise 2025 agus an Phlean Straitéisigh Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe; bronnadh gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta ar chuideachtaí bia mara as an obair atá curtha i bhfeidhm acu ó thaobh inbhuanaitheachta agus nuálaíochta de; obair fhoireann Chaomhnú Iascaigh BIM maidir le tacaíocht a sholáthar d'iascairí dul i ngleic leis an oibleagáid nua AE maidir le hábhar muirí a aischur; agus an obair forbartha pobail iontach atá déanta ag an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh. Is léir ó na bearta éagsúla seo go raibh barr feabhais ár dtionscal ar taispeáint in 2015, agus níl amhras ar bith ann ná gur cultúr sármhaitheasa agus éachta atá mar bhunchloch den tionscal.

A bhuíochas le figiúirí láidre trádála na bliana 2015, ní miste dúinn tionscal bia mara na hÉireann a mholadh as a fhreagúlacht ar na deiseanna domhanda atá ag teacht chun cinn agus as an aird atá dírithe sa tionscal ar tháirgíocht d'ardchaighdeán, a fuarthas ar bhonn inbhuanaithe, a sholáthar chun freastal ar an éileamh idirnáisiúnta. Is go bródúil a mhaímid go bhfuil réimse níos leithne táirgí á thairiscint ag tionscal bia mara Éireann an lae inniu ná mar a bhí ó tháinig an tionscal sin ar an bhfód de chéadair.

Gné lárnach den éacht seo ná comhoibriú agus comhpháirtíocht leanúnach BIM le páirtithe leasmhara sa tionscal trí chéile. Ag cur leis an méid atá ráite agam, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le hIar-Aire na Ranna Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Simon Coveney, T.D., agus leis na hoifigigh iomadúla sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a thacaigh go toilteanach linn i rith 2015. Ba chuid lárnach a n-obair siúd leis an bhfáilte dhearfach a cuireadh roimh Food Wise 2025 agus an bPlean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe. Ar leibhéal an AE, ba mhian liom an tacaíocht agus an chabhair airgeadais ríthábhachtach a soláthraíodh tríd an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus tríd an Státchiste a aithint.

In 2015, bhí áthas ar BIM a fhógairt gur ceapadh Tara McCarthy ina Príomhfheidhmeannach. Is mian le Bord Bainistíochta, stiúrthóirí agus foireann BIM fearadh na fáilte a chur roimh Tara ina ról nua, agus táimid ag súil le hobair ina teannta agus le tuairisciú ar na héachtaí a chuirfear i gcrích faoina stiúir. Ba mhaith liom míle buíochas a ghabháil le Príomhfheidhmeannach Eatramhach agus Stiúrthóir Iascaigh Mhara Michael Keatinge as a bhfuil curtha i gcrích aige chun an eagraíocht a stiúradh gan stró le linn fhormhór na mblianta 2014 agus 2015. Tá mé faoi chomaoin freisin ag mo chomh-chomhaltaí ar an mBord, ar pribhléid é bheith ag obair ina dteannta, agus ar acmhainn dosháraithe don tionscal a n-eolas agus a dtaithí. Tá an Bord tar éis a dhícheall a dhéanamh chun cinntiú go bhfuil straitéis BIM fós ag teacht le riachtanais an tionscail agus na bpobal a bhfreastalaímid orthu. Míle buíochas le stiúrthóirí agus foireann BIM, a léiríonn tiomantas faíoch i leith chomhlíonadh riachtanais an tionscail; is a bhuíochas leo siúd a ghluaisfimid i dtreo na todhchaí go dícheallach, diongbháilte faoi cheannaireacht daoine ar féidir brath orthu.

I ndeireadh báire, ba mhaith liom ar son an Bhoird, béim a athchur ar ár muinín i BIM mar eagraíocht atá san áit cheart le ról uileghabhálach a bheith aige mar ghníomhaireacht tacaíthe agus forbartha don tionscal sna blianta atá romhainn. Táimid lán-tiomanta spriocanna Food Wise 2025 a bhaint amach agus leanúint d'fheidhmiú chun tairbhe ár bpáirtithe leasmhara.

Ba chúis bhróid iad éachtaí 2015 agus rinneadh neart dul chun cinn. Agus muid ag tús an tréimhse fháis a samhlaíodh in Food Wise 2025, táimid tiomanta, obair gan stad gan staonadh chun cinntiú go mbainfidh geilleagar muirí na hÉireann barr a chumais amach agus go mbeidh sé, ní hamháin ina cheannaire domhanda ach ina eiseamláir ó thaobh fáis agus forbartha inbhuanaithe de.

Kieran Calnan
Cathaoirleach

RÁITEAS AN PHRÍOMHFHEIDH-MEANNAIGH

Ag dearcadh ó gach taobh air, ní mór féachaint ar 2015 mar bhliain shuntasach i bhforbairt thionscal bia mara na hÉireann.



Trí Food Wise 2025, tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tar éis na tacaí a leagan amach ar gá leo chun fíis uailmhianach, insroichte fáis inbhuanaithe a bhaint amach, a chuirfidh le hobair an doiciméid a tháinig roimhe, Food Harvest 2020.

Mar phríomhghníomhaireacht tacaíochta earnáil bia mara na hÉireann, tá Bord Iascaigh Mhara (BIM) ag súil le ról lárnach a bheith aige san aistear deich mbliana atá curtha roimhe ag Food Wise 2025.

Trí thosú Chlár Oibriúcháin 2014-2020 an Chiste Eorpaigh Muirí agus Iascaigh, mar thoradh ar phróiseas dian ullmhúcháin, is féidir a rá go dearfa go bhfuil an t-aistear faoi lánseol. Díreofar trí réimse cuimsitheach scéimeanna cúnamh deontais ar an tacaíocht atá bunriachtanach don tionscal chun go bhféadfadh sé ar bhealach inbhuanaithe.

Mar atá ráite thuas ag an bPríomhfheidhmeannach, ba chéim shuntasach na bliana sin é an Plean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe, a d'fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Beidh an Plean seo, a bhfuil ionchur agus comhairliúchán cuimsitheach ó pháirtithe leasmhara mar bhonn leis, ina bhunús le cistiú AE de €30m, a infheisteofar in earnáil dobharshaothraithe na hÉireann – próiseas a d'fhéadfadh cúrsaí a athrú ó bhonn agus barr cumais an tionscail a bhaint amach sna blianta atá amach romhainn.

Is é a bhí taobh thiar de ghnóthais straitéiseacha agus oibríochtúla BIM sa bhliain 2015 ná an t-aitheantas gur bua fíorluachmhar náisiúnta é ár saibhreas muirí, a d'fhéadfadh ghníomhaí tábhachtach a dhéanamh d'Éirinn sa mhargadh domhanda muirí, a bhfuil luach €1,200 billiún leis. Tá an t-éileamh ar bhia mara ó fhoinsí inbhuanaithe ag dul i méid, i ngeilleagair aibí agus i ngeilleagair i mbéal forbartha araon, agus ag an am céanna, tá feabhas tagtha ar phróifíl

chothaitheach, chéadfach agus fheidhmiúil an bhia mhara de réir mar a éiríonn tairiscintí miondíola agus seirbhíse bia níos sofaisticiúla.

Soláthraíonn BIM tacaíocht do na hearnálacha iascaigh mhara, dobharshaothraithe agus próiseála thar cheithre chrann taca straitéiseacha:

- Scileanna
- Inbhuanaitheacht
- Nuálaíocht
- Iomaíochas

Creidimid gur chóir go mbeifí in ann gach gníomhaíocht a chuireann BIM i bhfeidhm a mhíniú de réir ceann amháin ar a laghad de na crainn taca thuas. Trí bhearta agus cláir BIM a leagan amach sa Tuarascáil Bhliantúil de réir na gceithre chrann taca thuas, is é an aidhm atá againn ná béim shoiléir a chur ar an gcuspóir straitéiseach is coiteann dóibh:

- Is tosaíocht fós ag BIM é riar scileanna earnáil an tionscail a fhorbairt agus a neartú, agus chuige seo, soláthraíodh réimse leathan clár in 2015, a chuir le cumas BIM ag gach leibhéal.
- Trína chuspóirí i leith inbhuanaitheachta, tá BIM tiomanta, tionscal bia mara na hÉireann a bheith chun tosaigh sa chomhrá domhanda seo atá á fhorbairt de shíor, rud a chuirfidh an tionscal ar thosach an tslua maidir leis na héilimh atá ag teacht chun cinn.
- Táimid lánchinnte gur gné lárnach d'fhás inbhuanaithe é an nuálaíocht, agus mar bhunús leis seo, tá obair an Ionaid Forbartha Bia Mara agus torthaí taighde agus forbartha (T&F), mar aon le tionscadail taighde theicniúil eile a sholáthraíonn réitigh den scoth don earnáil tionsclaíochta.

- Ó thaobh an iomaíochais de, oibríonn BIM i ndlúthpháirt le hearnáil na tionsclaíochta chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseáil, agus is é atá mar thoradh air seo ná braislí trínar féidir eolas faoin tionscal a roinnt.

Agus muid ag cur le héachtaí 2015, an cur chuige a bheidh againn in 2016 agus amach anseo ná leanúint den chomhpháirtíocht agus den chomhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun scileanna agus riachtanais oiliúna an tionscail iascaigh, na bpróiseálaithe agus na n-earnálacha dobharshaothraithe a chomhlíonadh; an clár inbhuanaitheachta a chur chun cinn; tacú leis an nuálaíocht; agus leanúint de thacaíocht a chur ar fáil le haghaidh infheistíochta agus iomaíochais.

Tá tréimhse spreagúil os ár gcomhair agus, ar son BIM, ba mhaith liom ár muinín a chur in iúl, mar aon leis an rún atá againn i leith

na n-aidhmeanna agus na spriocanna uailmhianacha a chomhlíonadh mar a leagadh amach iad in Food Wise 2025. I ngach rud a dhéanaimid, táimid tiomanta cinnte a dhéanamh go gcruthóidh geilleagar muirí na hÉireann luach is go gcuirfidh sé fostaíocht ar fáil amach anseo do phobail chósta Éireann, agus go leanfar de sholáthar bia mara na tíre seo do thomhaltóirí ar fud an domhain.

Tara McCarthy,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Colún 1:

SCILEANNA

Má tá earnáil bia mara na hÉireann lena cumas fáis a bhaint amach, beidh ról lárnach ag an gcaipiteal daonna san fhás sin, agus tá BIM tiomanta scileanna feabhsaithe a chumasú ag gach leibhéal agus i ngach réimse den tionscal.

Mar aitheantas ar thábhacht sláinte agus sábháilteachta, agus ar an ngá atá fós ann, athrú suntasach cultúir a chur i bhfeidhm san earnáil iascaigh, chuir an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara €5.6m sa bhreis ar fáil don earnáil gabhála iascaigh chun críche oiliúna agus forbairt scileanna in 2015.

I mí Aibreán, d'eisigh an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí tuairisc dar teideal Staidéar ar Riachtanais Scileanna an Gheilleagair Mhuiri Anois agus Feasta faoi 2020, ina maítear go bhféadfadh 10,000 post nua a bheith curtha ar fáil faoin mbliain 2020. I gcás BIM, gné rithábachtach den réiteach chuige seo is ea cinntiú go gcuirfear na scileanna ábhartha ar fáil le linn na gcúig bliana atá le teacht. Cé nár aithníodh ganntanas suntasach scileanna sa tuairisc, tuigtear go mbeidh iomaíochas láidir san earnáil ó thaobh oibrithe oilte, mar shampla, innealtóirí leictreacha agus meicniúla, teicneoirí agus táthairí.



Seirbhísí Oiliúna

Le linn 2015, cuireadh oiliúint ar 1,881 ball foirne ón tionscal bia mara i gColáistí Iascaigh BIM sa Chaisleán Nua agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, agus sna hAonaid Taistil um Oiliúint Chósta. Thug na hAonaid sin cuairt ar 17 ionad cósta le linn na bliana, an tIonad Forbartha Bia Mara san áireamh.

San iomlán, ghlac 1,445 duine páirt i gcúrsa oiliúna amháin ar a laghad de chuid BIM i gcaitheamh na bliana, a raibh 95 (7%) acu seo ó thíortha neamh-AE.

- Mar thoradh ar fheachtas náisiúnta sábháilteachta mara, chomh maith le staidéar taighde margaidh ar iompraíocht iascairí, eisíodh 705 cárta BIM um Bhunoiliúint Sábháilteachta in 2015;
- bronnadh Deimhnithe um Chomhrac Dóiteáin Muirí (a chomhlíonann an Cód do Mharaithe maidir le hOiliúint, Deimhniú agus Faire STCW-95) ar 90 iascaire tar éis dóibh dul i mbun cúrsaí trí lá agus cúig lá in aonad oiliúint dóiteáin BIM sa Chaisleán Nua;
- chuir 53 iascaire cúrsaí oiliúna díobh agus ghnóthaigh Deimhnithe Inniúlachta don ról Oifigeach Deice (Árthach Iascaireachta) a d'eisigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;
- thug 12 mac léinn faoi Dheimhnithe Inniúlachta na Roinne/Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) don ról Oifigeach Innealtóra (Árthach Iascaireachta) Aicme 3, Aicme 2 agus Aicme 1;

- bhain 82 mac léinn an modúl QQI ar Phróisis Innealtóireachta Muirí amach, modúl atá dírithe go speisialta ar árthaigh chladaigh;
- bronnadh 61 deimhniú orthu siúd a chríochnaigh na cúrsaí ar Chórais Loingseoireachta Leictreonaí agus ar Rialú Loingseoireachta;
- ghnóthaigh 53 duine deimhniú DTTAS/ QQI in Inniúlacht Bád Paisinéirí;
- thug 29 duine faoi oiliúint agus ghnóthaigh gradaim QQI ag an mBonnleibhéal agus ag Leibhéal 5 san Iascaireacht Tráchtála agus Dobharshaothraithe; agus,
- bronnadh deimhniú um Chórais Domhanda Guaise agus Sábháilteachta Muirí (GMDSS) sa Chumarsáid Raidió ar 98 pearsanra iascaigh agus dobharshaothraithe.

Sábháilteacht Iascairí – Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD)

In 2015, eisíodh 493 gaireas snámhachta pearsanta a raibh rabhcháin aimsiúcháin pearsanta (PLB) comhtháite iontu. Chun iad seo a fháil, ní mór d'iarrthóirí bunoiiliúint sábháilteachta a bheith bainte amach acu. Úinéirí ártach a bhfuil a n-ainmneacha ar Chlár Árthach Iascaireachta na hÉireann, tá siad i dteideal cúnaimh chun PFDanna le PLBanna orthu a cheannach don scipéir agus do bhaill an chriú.

Ó tugadh isteach í, tá níos mó ná 1,500 iascaire tar éis tairbhe a bhaint as Scéim um Feabhsú Oiliúna Sábháilteachta agus Trealamh BIM. Deis atá sa scéim seo d'úinéirí ártach atá níos lú ná 15 méadar

ar fad, tairbhe a bhaint as cúnamh deontais chun PFD le PLB comhtháite a cheannach.

De réir torthaí suirbhé a rinneadh in 2015, bhí an chuid is mó (62%) dóibh siúd a ghlac páirt sa suirbhé tar éis Oiliúint Feabhsaithe Sábháilteachta a bhaint amach ó cuireadh agallamh orthu don chéad uair in 2013, agus bhí ardú feasachta ann faoin PFD feistithe le PLB; dúirt 67% de na rannpháirtithe sa suirbhé go raibh na gairis coinnithe ar bord acu agus go raibh fáil éasca ar na gairis i gcónaí.

Sábháilteacht Iascairí - Feasacht

In 2015, lean BIM agus Irish Water Safety (IWS), le tacaíocht ó Bheart Iascaigh an Chiste Eorpaigh Iascaigh, de chomharthaíocht a chur i bhfeidhm chun aird iascairí a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le Gaireas Snámhachta Pearsanta (PFD) a chaitheamh.

Tar éis méid tosaigh de 100 comhartha AE a bheith curtha in airde, seolfar 300 comhartha sa bhreis in 60 ionad timpeall chósta na hÉireann in 2016.

Ceacht Eolaíochta agus Gairmthreoir BIM

Thug BIM ceacht eolaíochta nua isteach le haghaidh daltaí dara leibhéal mar chuid den chlár 'Science and Technology in Action (STA)' in 2015. Is é aidhm na gceachtanna tionscaltreoiraithe seo ná tacú le múineadh na heolaíochta i scoileanna dara leibhéal. Dáileadh ceacht darbh ainm Inbhuanaitheacht Iascaigh Éireann ar níos mó ná 700 meánscoil.

Ina theannta sin, ghlac foireann BIM páirt i sé imeacht gairme réigiúnacha i gcomhpháirt le hInstitiúid na dTreoirchomhairleoirí, a raibh sé mar aidhm leo gairmeacha sa tionscal bia mara a chur ar a súile do mhic léinn dara leibhéal agus do threoirchomhairleoirí.

Meantóireacht Céimithe

Tá clár Mheantóireacht Céimithe BIM dírithe ar shocrúcháin a eagrú do ghairmithe óga cumasacha i gcuideachtaí bia mara atá i mbun fáis. San fhadtéarma, is é an nasc idir nuálaíocht agus cumas a thacóidh le hinscálaitheacht a chothú, díolachán a mhéadú agus níos mó daoine a fhostú.

Oiliúint Sábháilteachta Bia Mara

Athscríobhadh Modúl Leibhéal 5 ar Philléadú Éisc de Lámh, agus tá dearbhú QQI faighte aige mar mhodúl a bhfuil caighdeán Leibhéal 5 ag baint leis. Ghlac 53 duine san iomlán páirt i gceardlanna AGPRC BIM in 2015.

Ceannaí Óg Éisc na Bliana

Bronnadh gradam Cheannaí Óg Éisc na bliana 2016 ar George Stephens ón siopa éisc, The Fish Market, i mBaile Bhlaínseir, Baile Átha Cliath, le linn dhinnéar bronnata na ngradam a d'óstáil BIM i mí na Samhna. Seo an tríú bliain a bronnadh an gradam seo, agus is ardán é dóibh siúd a sholáthraíonn bia mara d'ardchaighdeán do chustaiméirí, a bpearsantacht agus a saineolas a léiriú.

Ardchúrsa Measúnaithe Caighdeán Iasc

D'oibrigh BIM agus Seafish UK i gcomhar lena chéile chun Ardchúrsa cúig lá ar Mheasúnú Caighdeán Iasc a reáchtáil don tionscal bia mara san Ionad Forbartha Bia Mara i mí na Bealtaine. Ba é sin an chéad uair a eagraíodh cúrsa chomh cuimsitheach sin don tionscal. Mar thoradh ar éileamh, reáchtáladh cúrsa eile i mí na Samhna. Bhí an dá chúrsa lán, agus ghlac 12 duine páirt i ngach ceann acu. Trí sheisiúin theoiriciúla agus phraiticiúla araon, tugadh deis do na rannpháirtithe, caighdeán speiceas tábhachtach iasc a mheas, lena n-áiríodh trosc, scoilteán, ronnach agus bradán.

Cláir Oideachais Nua

Bíonn BIM ag obair go dlúth leis an tionscal dobharshaothraithe maidir lena riachtanais oiliúna. In 2015, cuireadh an Clár Dobharshaothraithe L5, a bhfuil deimhniú QQI faighte aige, ar fáil go lánaimseartha i gColáiste Iascaigh Náisiúnta na hÉireann (NFCI) i mBaile Chaisleáin Bhéarra. Chomh maith leis sin, d'fhorbair BIM Baitsiléir Eolaíochta (onór.) nua sa Dobharghnó Inbhuanaithe i gcomhpháirt le Campas Loch Garman in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach (ITC).

Ghlac 1,445 DUINE san iomlán páirt i gcúrsa oiliúna amháin ar a laghad de chuid BIM i gcaitheamh na bliana, a raibh 95 (7%) acu ó thíortha neamh-AE.

Colún 2:

INBHUANAITHEACTH

Is é is croílár na forbartha inbhuanaithe ná freastal ar na héilimh atá romhainn gan an bonn a bhaint ó iarrachtaí na chéad ghlúine eile freastal ar a n-éilimh féin. Tá an tiomantas seo ina bhunchloch de ghníomhaíochtaí uile Bhord Iascaigh Mhara.

Agus é i mbun fhorbairt inbhuanaithe acmhainní muirí na hÉireann a chothú, bíonn BIM ag gníomhú faoi choimirce Chomhbheartas Iascaigh (CBI) an AE agus na Ranna Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is cuid lárnach d'fhás inbhuanaithe gheilleagar muirí na hÉireann é maoirseacht chúramach éiceachóras casta, mar aon le hinfheistíocht agus tiomantas leanúnach a chuirfidh i gcónaí san áireamh gur acmhainn shuntasach eacnamaíoch a bheidh san aigéan do na glúine atá le teacht.

Anuas air sin, is tiomantas ilghnéitheach é an inbhuanaitheacht, atá de shíor i mbun fáis, agus na spriocanna is uailmhianaí atá ann faoi láthair ina leith, is iad sin a bheidh mar bhunlíne do chuspóirí na todhchaí. Trí na bearta a cuireadh i bhfeidhm in 2015, lean BIM de thús áite a thabhairt d'inbhuanaitheacht i ngníomhaíochtaí laethúla earnálacha an iascaigh mhara, an phróiseála agus an dobharshaothraithe. In obair an Chláir um Ghnó Glas, is cuid í an inbhuanaitheacht de sholáthar leanúnach gnó den scoth, a bhfuil d'aidhm aige freastal chomh maith agus is féidir ar ionchais agus ar éilimh miondíola na gcustaiméirí.

Ghnóthaigh cuid mhaith cuideachtaí, ar cliaint BIM iad, gradaim in 2015 i réimse na hinbhuanaitheachta, agus is léiriú breise é seo ar a fheabhas is atá dintiúir na hearnála, mar aon le tiomantas an tionscail, aghaidh díreach a thabhairt ar dhúshláin nua.





Laghdú ar Ábhar Muirí Aischurtha

Mar chuid de chur chuige eiceachórais Chomhbheartas Iascaigh an AE i dtaca le bainistiú iascaigh, is ceanglas dlíthiúil ar an tionscal san Eoraip trí chéile é fáil réidh de réir a chéile leis an gcleachtas, ábhar muirí a aischur. Cuireadh oibleagáidí i bhfeidhm maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i mí Eanáir 2015 i gcás iascaigh pheiligigh, agus déanfar amhlaidh i gcás iascaigh ghrinnill in 2016. Cuimseofar gach gné d'iascach tráchtála faoi 2019. Cé go mbeidh dúshlán ann, dar le BIM, má ghlacann úinéirí ártach cleachtais iascaireachta cliste chucu féin, ní hamháin go laghdófar ar ghabhálacha nach bhfuil ag teastáil, ach beidh sochar feabhsaithe eacnamaíoch i gceist chomh maith.

In 2015, thug Foireann Chaomhnú Iascaigh BIM faoi taighde agus forbairt leathan maidir le conas trealamh iascaireachta a athrú chun é a chur in oiriúint d'iascaireacht ghliomaigh na hIorua agus chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath (Nephrops). Rinneadh iniúchadh ar na roghanna chuige seo, mar shampla, méadú ar cheann an tráil ó 70 mm go 80 mm, a laghdódh gabhálacha Nephrops óg, agus eangach sórtála Nephrops, a gheobhadh réidh le seachghabháil speiceas iasc a bhfuil cuóta íseal ag baint leo, agus a chuirfeadh deireadh freisin leis an riachtanas, gníomhaíochtaí iascaireachta a stopadh de réir na hoibleagáide, gabhálacha iasc a thabhairt i dtír.

Eagraíodh ceardlanna sa Danmhairg a raibh d'aidhm acu, scipéirí agus déantóirí eangach a thabhairt le chéile chun réitigh éagsúla a thástáil. Cuirfidh an t-aiseolas ó na ceardlanna seo ar chumas BIM réitigh phraiticiúla a mholadh de réir mar a thagann na hoibleagáidí maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír i bhfeidhm in 2016.

E-LOCATE

De réir rialacháin an AE, ní mór go mbeadh táirgí iascaigh trí chéile inrianaithe ag gach céim den táirgeacht, den phróiseáil agus den dáileadh. Ó bhí 2012 ann, tá BIM agus an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara ag obair i gcomhar lena chéile ar E-LOCATE, scéim a bhaineann úsáid as gréasáin inrianaitheachta agus lipéadaithe úrscothacha chun cinntiú gur féidir bia mara ó ártach chláraithe Éireannacha a rianú aon áit sa slabhra soláthair. San fhadtéarma, éascóidh E-LOCATE sainathint dhomhanda bhia mara na hÉireann, agus cuirfidh sé ardán ar fáil trínar féidir cainníochtú a dhéanamh ar tháirgí bia mara deimhnithe a gabhadh go freagrach. Cuireadh cúnamh deontais i bhfeidhm don scéim sa chéad ráithe de 2015, agus sholáthair na deontais seo tacaíocht don chéad cheithre chomharchumann díolphointe agus do naoi gcuideachta bia mara.

Caighdeán um Fhoinsiú Freagrach (RSS)

Cuireann Caighdeán BIM um Fhoinsiú Freagrach i dtaca le bia mara fiáin, atá creidiúnaithe go hidirnáisiúnta (ISO65), dea-chleachtas chun cinn ó thaobh freagrachta comhshaoil agus bainistithe. Faoi dheireadh 2015, bhí 90 ártach cláraithe agus 10 gnólacht díolphointe céaduaire ina mball cláraithe de chuid RSS. Anuas air sin, ar an 200 ártach atá ag stiúradh Córais Bhainistíochta Comhshaoil BIM, tá Deimhniú ón gComhairle Maoirseachta Muirí ag 35 ártach i dtaca le hIascaireacht Scadán na Mara Ceiltí.

Le linn na bliana 2015, lean BIM d'fhorbairt chlár deimhnithe an RSS agus de chothabháil a dheimhniú domhanda (INAB/ISO/EN). Freisin, ghníomhaigh BIM mar phointe teagmhála tosaigh d'iascairí, do chomharchumann, agus d'eagraíochtaí ionadaíocha. Moltar idirdhealú idir táirgí deimhnithe trí úsáid lógó Chlár Bia Mara d'Ardchaighdeán (QSP) BIM, atá dírithe ar bhia mara fiáin. Mar thoradh ar mholadh a rinneadh in Food Wise 2025, rinneadh athbhreithniú ar RSS i dtreo dheireadh 2015, a raibh d'aidhm aige an ghné inbhuanaitheachta de RSS a fheabhsú agus naisc níos láidre a chruthú leis an gclár Origin Green de chuid Bhord Bia. Beidh an próiseas athbhreithnithe seo curtha i gcrích in 2016.

Iascaireacht Bruscar

Is fadhb an-mhór timpeall an domhain é an bruscar muirí toisc a dhrochthionchar ar an gcomhshaol. Tá costas suntasach ag baint leis an mbruscar seo i dtaca le héilliú gabhálacha, trealamh briste agus liáin a bhfuil rópaí in aimhréidh iontu, agus ceaptar go gcosnaíonn na fadhbanna thuas thart ar €12,000 in aghaidh na bliana ar gach ártach. Tríd an tionscadal Iascaireachta Bruscar, tá BIM ag iarraidh bruscar muirí a aisghabháil ar bhonn gníomhach agus feasacht a ardú faoin bhfadhb seo sa tionscal trí chéile.

In 2015, tugadh málaí do 24 iascaire a ghlac páirt sa tionscnamh seo i mBaile Chaisleáin Bhéarra, i mBréantrá agus i gCeann Chlochair sa chaoi go bhféadfaidís aon bhruscar a bhailiú a bhí carnaithe ina dtrealamh iascaireachta, mar aon le dramhaíl a bailíodh le linn turas iascaireachta. Aon mhálaí a líonadh, fuair BIM réidh leo go sábháilte agus go freagrach.

Mar thoradh ar an bhfreagairt dhearfach a fuarthas, seolfar an tionscnamh thuas in 2016 i gceithre chalafort iascaireachta eile – an Daingean, Gaillimh, An Caisleán Nua agus Dún na Séad – agus beidh suas le 50 ártach páirteach ann.

Natura 2000

Tar éis chríochnú an mheasúnaithe a cuireadh i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i suímh Natura 2000, rinneadh ollstaidéar a choimisiúnú maidir le Loch Trasna, Co. Chorcaí, agus cuirfear sin i gcrích le linn 2015 agus 2016. Sa staidéar seo, iniúchfar tionchar iascaireacht pota ribí róibéis agus gliomach ar ghnáthóga leochaileacha, agus tionchar gníomhaíochtaí iascaireachta ar róna.

Soláthróidh an próiseas seo ról freisin do na Fóraim Réigiúnacha nua um Iascach Intíre ó thaobh déileáil go réamhghníomhach le haon tionchar a aithnítear trí mheasúnú riosca.

Le linn 2015, **cuireadh cistiú ar fáil do 86 tionscadal**, arbh ionann é agus infheistíocht iomlán de €858,000 agus cúnamh deontais AE de €532,000.

Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh

Ba é 2015 bliain dheireanach an Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh agus is í seo an bhliain ba ghníomhaí dá raibh ag an gclár. Seoladh an Grúpa ag deireadh 2012, agus an aidhm a bhí aige ná forbairt inbhuanaithe agus caighdeán feabhsaithe saoil a chur chun cinn in áiteanna a bhraitheann ar iascach. Le linn 2015, cuireadh cistiú ar fáil do 86 tionscadal trí infheistíocht iomlán de €853,000 agus cúnamh deontais de €532,000 (comhchistithe ag an gCiste Eorpach Iascaigh). Le linn réimse trí bliana an Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh, rinneadh infheistíocht iomlán de €1.6 million, ar chúnamh deontais é €940,000 de.

Rinne BIM athbhreithniú ar chlár an Ghrúpa ag deireadh 2015 agus cinneadh go raibh a chuspóirí curtha i gcrích aige ar bhonn eacnamaíoch, comhshaoil agus cultúrtha. Rinneadh suirbhé orthu siúd a fuair cúnamh deontais ón nGrúpa agus fuarthas amach gur thacaigh na deontais seo le cruthú 14 gnólacht le linn shaolré trí bliana an chláir, agus go raibh 11 gnólacht eile ar na bacáin. Ina theannta sin, chruthaigh an Grúpa 27 post nua agus chosain sé 16. Mar thoradh ar infheistíocht ón nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh, thug 15 cuideachta faoi bhearta cosanta comhshaoil, agus thosaigh na cuideachtaí sin 10 tionscadal a raibh d'aidhm acu tacú le hoidhreacht, eolas agus cultúr na hiascaireachta áitiúla.

Déanfar taighde ar thorthaí an chéad chláir de chuid an Ghrúpa agus cuirfidh seo bonn eolais faoi sheoladh an chláir atá le teacht, a bheidh cistithe de réir Chlár Oibre an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh.



Na Fóraim um Iascach Intíre

Cuireadh sé Fhóram um Iascach Intíre ar bun in 2014 faoin nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh chun struchtúr comhairliúcháin a sholáthar d'earnáil an iascaigh intíre agus chun friotal a chur ar leasanna na hearnála seo. Is iad na Fóraim Réigiúnacha um Iascach Intíre a ainmníonn na toscairí a chuirfidh na moltaí réigiúnacha atá le plé faoi bhráid an Fhórait Náisiúnta um Iascach Intíre, a reáchtáil cúig chruinniú in 2015. Bhí fócas leathan ag na cruinnithe den Fhóram Náisiúnta um Iascach Intíre a tharla le linn 2015, agus ar na hábhair a pléadh, bhí na sonraí gabhálacha, an comhairliúchán i dtaca le Clár Oibre an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh, measúnú agus maolú riosca maidir le Natura 2000, agus moltaí ó thaobh rialú na hiascaireachta pota a dhéantar mar chaitheamh aimsire agus ní ar bhonn tráchtála. An plé a rinneadh ar an bpointe deiridh thuas, is é an toradh a bhí air ná gur thug an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara ionstraim reachtúil isteach.

Idirghníomhaíochtaí Iascaigh le Speicis faoi Chosaint

Tá BIM faoi cheanglas dlíthiúil, monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar sheachghabhálacha róna agus speiceas eile atá faoi chosaint, agus tá mar thoradh air sin go bhfuil taighde náisiúnta déanta sa réimse seo le blianta beaga anuas. I gcomhar le Fuinneamh Muirí In-Athnuaite Éireann agus leis an tAonad Taighde um Mhamaigh Mhuirí in Albain, tá BIM tar éis córas ciosbhaic a fhorbairt atá neamhdhióbhálach do chéiticigh agus a chuirfidh stop le róna agus iad a iarraidh damáiste a dhéanamh do ghabhálacha éisc in eangacha iascaireachta. Gnóthaíodh réamhthorthaí an-dearfach in 2015 mar thoradh ar thástáil an chórais seo, a bhfuil d'fheidhm aige stop a chur le damáiste, gan aon dochar a bheith ann do speicis faoi chosaint. Tá tábhacht ag baint le céiticigh ar na mallaibh toisc go bhfuil an gréasán shainlimistéar caomhnaithe do mhuca mara de shíor ag dul i méid in uiscí Éireann. Leanfar de thástáil agus d'fhorbairt an chórais seo in 2016.



Uiscí an Iarthuaiscirt - Comhairle Comhairleach

Ba bhliain thábhachtach í 2015 maidir le fás an chaidrimh idir Uiscí an Iarthuaiscirt - Comhairle Comhairleach (NWW-AC) agus BIM. Tugadh ról feabhsaithe comhairleach do NWW-AC agus ghlac sé páirt i ndréachtú moltaí i leith beartas bainistíochta maidir le hiascach measctha, pleananna bainistíochta ilbhliantúla agus pleananna aischuir réigiúnacha. Freisin, d'oibrigh NWW-AC i gcomhpháirtíocht le Grúpa Ballstát Uiscí an Iarthuaiscirt chun pleananna aischuir a fhorbairt don earnáil iascaigh i gcomhthéacs na n-oibleagáidí nua i dtaca le gabhálacha iasc a thabhairt i dtír. Le linn na bliana, reáchtáladh 28 cruinniú i bPáras, Bilbao, Dún Éideann agus Baile Átha Cliath chun réimse ceisteanna a phlé, lena n-áiríodh an oibleagáid maidir le gabhálacha iasc a thabhairt i dtír, athchóiriú an Chomhbheartais Iascaigh, easnaimh sonraí, freagairtí comhairleacha an Chomhphobail Eorpaigh, agus gnáthphleananna bainistíochta.

Treoir maidir leis an gcóras V-eangaithe agus le Caighdeáin Ghliomach

Is é an aidhm atá le V-eangú gliomach ná inbhuanaitheacht stoc gliomach na hÉireann a fheabhsú. Dé réir an chlár seo, baineann iascairí eang shimplí, a bhfuil cruth V uirthi, d'eireaball gliomaigh bhaininn nuair a bheirtear uirthi. Níl aon phian ag baint leis an eangú seo, agus cuireann sé ar chumas an ghliomaigh bhaininn, pórú suas le trí huair tar éis di bheith curtha ar ais san fharraige. Mar thoradh ar a fheabhas a d'éirigh leis an gclár in 2014, cuireadh V-eangú ar 22,500 gliomach san iomlán in 2015, a mheáigh 22.5 tona trí chéile, agus is é a bhí mar thoradh air seo ná go bhfuair iascairí cúnamh deontais de €320,000, a bhí comhchistithe ag an gCiste Eorpach Iascaigh. Rud eile a tugadh isteach in 2015 ná V-eangú gliomach a raibh fad carapáis níos mó ná 127 mm orthu.

Tionscnamh eile de chuid na bliana 2015 ná seoladh treorach caighdeán agus láimhseála i dtaca le gliomaigh. Soláthraíonn an treoir eolas ar na teorainneacha nua náisiúnta a tugadh isteach maidir le méid na ngabhálacha iasc a thugtar i dtír.

An Bealach Bia Mara

I gcomhair le Fáilte Ireland, sheol BIM ‘Blais den Atlantach – An Bealach Bia Mara’ i mí Iúil 2015. Díríonn an sainbhealach seo ar bhialanna a cheannaíonn a gcuid bia mara ó tháirgeoirí agus iascairí a bhfuil cáil orthu agus atá lonnaithe ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Mar chuid den seoladh, chruthaigh BIM físeán bolscaireachta a léirigh na táirgeoirí tiomanta bia mara agus na saghsanna bia mara ar an mbealach, agus d’fhoilsigh siad an físeán ar a láithreán gréasáin.

An Clár um Ghnó Bia Mara Glas

Soláthraíonn an Clár um Ghnó Bia Mara Glas comhairle agus cúnamh do chuideachtaí maidir lena dtionchar comhshaoil a laghdú agus éifeachtúlacht a n-acmhainní a fheabhsú. Tá éirithe go maith leis an gclár seo, táirgeacht níos glaine a chur chun cinn agus costais a laghdú go suntasach.

In 2015, d’oibrigh an Clár um Ghnó Bia Mara Glas i gcomhar le 12 cuideachta próiseála bia mara. Tar éis dóibh Measúnaithe Éifeachtachta Acmhainní a chur i gcrích, rinne foireann an Chláir Ghlais sábháil airgid de €11,000 ar an meán a shainaithint i gcás gach cuideachta, i dtaca le laghdú fuinnimh, uisce agus dramhaíola.

Ag Tacú le Origin Green

Tríd an gClár um Ghnó Bia Mara Glas, cuireann BIM na hacmhainní saincheaptha ar fáil do chuideachtaí bia mara a theastaíonn uathu le gur féidir leo páirt a ghlacadh in ‘Origin Green’, an clár inbhuanaitheachta náisiúnta atá dírithe ar thionscal bia agus deochanna na hÉireann, agus a fheidhmíonn faoi scáth Bhord Bia le tacaíocht ó Food Wise 2025. Mar thoradh ar a thacaíocht do Origin Green agus a rannpháirtíocht ann, tá BIM ag cur leis an saineolas atá gnóthaithe aige trí fhorbairt an Chaighdeáin um Fhoinsíú Freagrach, a bhfuil creidiúnas ISO65 faighte aige, agus trí ECOPACT.

In 2015, thacaigh an Clár um Ghnó Bia Mara Glas le hocht gcuideachta agus iad i mbun iarratais bhallraíochta a chur faoi bhráid Origin Green. Le linn na bliana, bhain sé chuideachta bia mara deimhniú

Origin Green amach. Faoi dheireadh 2015, ba bhaill dheimhnithe den chlár iad 26 cuideachta bia mara Éireannacha.

Plean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe Inbhuanaithe

Mar thoradh ar thréimhse fada comhairliúcháin leis an earnáil tionsclaíochta, d’fhoilsigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an Plean Straitéiseach Náisiúnta um Fhorbairt Dobharshaothraithe in Éirinn don chéad uair. Tá an plean seo ina bhunchloch de chlár cistithe AE de €30 million, a tharraingeofar anuas thar thréimhse cúig bliana ó Chlár Oibre an Chiste Eorpaigh Mhuirí agus Iascaigh. Ceapadh an plean chun na spriocanna fáis a leagadh amach in Food Wise 2025 a bhaint amach, agus tá 24 gníomh saincheaptha ina mbunús leis. Cuimsíonn na gníomhartha seo na treoirlínte maidir le méid feirmeacha bradán aonair idir 5,000 agus 7,000 tona. Tar éis fhoilsiú an Phlean Straitéiseach Náisiúnta, d’fhógair BIM go raibh sé chun a iarratas ar fheirm bhradán orgánach 15,000 tona i gCuan na Gaillimhe a tharraingt siar.

Sláinte Ainmhithe

Leanadh in 2015 den mhonatóireacht ar chásanna Galair Gheolbhaigh Aiméibigh ar fheirmeacha, agus ar thástálacha teiripí éagsúla a bhí á ndéanamh in umair. Tá cuma mhaith ar thorthaí na monatóireachta, ach tá siad neamhchinnte fós. I dtaca le bainistiú míolta muirí, tá rialúcháin dhiana i bhfeidhm in Éirinn mar réamhchúram, agus tá an Coimisiún Eorpach tar éis an tír a mholadh as na rialúcháin, a bhfuil tús áite acu san Eoraip ó thaobh feabhais agus déine de. In 2015, bhí an Clár um Ghlanadh Iasc fós ag cruthú go maith. Forbraíodh an clár trí úsáid speicis de bhallach agus/nó léasán leice mar bhealach nádúrtha chun míolta muirí a rialú. I gcaitheamh na bliana, ullmhaíodh thart ar 100,000 iasc, a póraíodh go speisialta, in umair le haistriú chuig na feirmeacha muirí i gcomhair tástálacha tráchtála. Leanfar de seo in 2016.



Colún 3:

NUÁLAÍOCHT

Chun luach a chur le bia mara na hÉireann, teastaíonn infheistíocht shuntasach i bhforbairt táirgí nua, agus is dúshlán é seo a bhfuil Ionad Forbartha Bia Mara BIM ag dul i ngleic leis go gníomhach, ós rud é go n-aithnítear go mbeidh ról lárnach ag an nuálaíocht i bhfás thionscal bia mara na hÉireann.

Rud eile atá ina bhunchloch d'obair an Ionaid ná an tuiscint go gcaithfidh an tionscal bia mara oiread brabús agus is féidir a bhaint amach ar a tháirgí más mian leis bheith inbhuanaithe amach is amach.

Le cabhair ó phleanáil ghnó, tacaíocht d'infheistíocht agus éifeachtúlacht acmhainní, tá an nuálaíocht, sa chiall is leithne den fhocal, ag soláthar creata freisin chun cinntiú go n-éireoidh le cuideachtaí bia mara Éireannacha ar fud an domhain. Agus an méid thuas á chur san áireamh, cuireann BIM cuir chuige nuálacha maidir le réiteach fadhbanna chun cinn trína sheirbhísí comhairle agus tacaíochta teicniúla, agus éascaíonn sé iad seo.

An Portán Dearg

In 2015, cuireadh críoch leis an tionscadal maidir leis an bportán dearg, ACRUNET, a raibh BIM i gceannas air agus ar fuarthas cistiú lena aghaidh ón gClár Limistéar an Atlantaigh (clár de chuid Interreg; an Tionscnamh Comhphobail maidir le Réigiúin Teorainn). D'eascair torthaí tábhachtacha ón tionscadal seo, a chuimsigh: treoir caighdeán agus físeán láimhseála faoin bportán dearg; eiseamláir d'árthach a dearadh de réir Chaighdeán um Fhoinsiú Freagrach BIM; agus tástálacha ar mhodh iompair níos saoire.

I dtús báire, cuireadh na tástálacha i bhfeidhm ar phortáin bheo i gcórais choinneála, rud a laghdaigh an riachtanas uisce faoi suas le 80%. I bhfianaise na gcásanna éagsúla a bhaineann le slabhra soláthair na bportán, beidh níos mó oibre saincheaptha ag teastáil chun na torthaí a chur in oiriúint do riachtanais ar leith sa tionscal. Ó thaobh na bainistíochta de, rinne an tionscadal dul chun cinn sna réimsí seo a leanas: achoimrí stoc; réamh-mheasúnachtaí de chuid na Comhairle Maoirseachta Muirí le haghaidh iascaigh Éireannaigh; tuarascálacha ar iarrachtaí folaigh in Éirinn, i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus sa Fhrainc; agus an comhdhearcaidh a sroicheadh ar na coinníollacha is gá chun bainistíocht iascaigh phortán a fheabhsú, rud a bhaineann go príomha le polasaí ceadúnaithe.

Anuas air sin, rinneadh tástáil ar an bhféidearthacht, dramhaíl phortán a úsáid agus luach a chruthú trí mhuirín bitheolaíoch a dhéanamh de. Ansin, rinneadh próifíliú ar an táirge deiridh chun a fhiúntas mar fheabhsaitheoir ithreach a mheas. Cruthaíodh pacáiste acmhainní custaiméara freisin a bhí dírithe ar gach earnáil tionsclaíochta agus a raibh d'aidhm aige, eolas a chur ar fáil do chustaiméirí faoin bportán dearg.



An tIonad Forbartha Bia Mara

Ó osclaíodh in 2009 é, tá an tIonad Forbartha Bia Mara ina chroílár de thiomantas BIM i leith nuálaíochta agus forbartha táirgí nua. Tá áiseanna den scoth ar fáil san Ionad agus tríothu seo, cuirtear tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí i ngach earnáil tionsclaíochta chun táirgí a fhorbairt a spreagfaidh fás agus a mhéadóidh caiteachas tomhaltóirí ar bhia mara. Is cuid de phunann seirbhísí an Ionaid iad forbairt táirgí, pacáistí agus próiseas.

Go dtí seo, thacaigh an IFBM le breis is 70 táirge nua a sheoladh sa mhargadh. In 2015, tacaíodh le seacht bpríomhchuideachta sa réimse FTN agus teicneolaíochtaí próiseála; tacaíodh le sé chuideachta mheánacha trí fhorbairtí FTN agus trí chúnamh maidir le léargais mhargaidh; agus tacaíodh le trí chuideachta nuathionscanta a raibh táirgí á lainseáil acu.

Go dtí seo, **thacaigh an IFBM le breis is 70 táirge nua a sheoladh sa mhargadh.**



Buaicphointí FTN in 2015

- Ag obair le teicneolaithe bia san IFBM, d'fhorbair an chuideachta nuathionscanta IASC réimse imeanna d'ardleibhéal faoin mbranda Something Fishy. Bhuaigh an chuideachta Dámhachtain Nuálaíochta Bia an Domhain 2015 don Tarsann Nua is Fearr ag IFE2015 sa Bhruiséil, an chéad chuideachta ó Éirinn ar éirigh léi amhlaidh a dhéanamh.
- Sháraigh Kinsale Gourmet 90 iomaitheoir nuair a bhuaigh an chuideachta Dámhachtain Nuálaíochta Bhlas na hÉireann 2015 dá réimse Meals Made Easy. Forbraíodh Meals Made Easy le tacaíocht ó IFBM agus seoladh an réimse in 2015. Tá an réimse Meals Made Easy le fáil i SuperValu.
- Ag obair leis an IFBM, d'fhorbair Atlantis Foods réimse táirgí dá bhranda nua Rilmore Quay, lena n-áirítear ispíní bia mara, a bhuaigh dámhachtain Bhianna Ardchaighdeán na hÉireann in 2015.

- D'oibrigh Keohane Seafoods leis an IFBM chun teicneolaíochtaí nua-aimseartha pacáistíochta a fhorbairt. Ainmníodh pacáistí craicinn micreathonnán na cuideachta mar Bhuaiteoir Chatagóir an Éisc Úir - Dámhachtainí Bia Ardchaighdeán na hÉireann 2015.
- D'oibrigh The Good Fish Company leis an IFBM chun oidis a fhorbairt agus a thriail dá phúitse speisialta ilchócaireachta. D'éirigh go maith le seoladh Mr Good's Fabulous Fish agus liostaíodh i Tesco Ireland é. Chomh maith leis sin, bhuaigh sé dámhachtain ag Blas na hÉireann 2015.

Colún 4:

IOMAÍOCHT

Tá BIM tiomanta go leanúnach don tionscal a chur chun cinn mar thionscal atá solúbtha, inbhuanaithe, iomaíoch agus dírithe ar chaighdeán, agus déanann sé a lándícheall chun cur le fás an gheilleagair mhuirí.

Bhí luach €564 milliún ar onnmhairí bia mara na hÉireann in 2015, méadú 7% ar fhigiúr €525 milliún na bliana 2014. I dtéarmaí méide, tháinig laghdú 2% ar onnmhairí ó 263,169 tona in 2014 go dtí 257,360 tona in 2015.

Bhí an fás sin ag teacht le héileamh buacach ar an mbia mara ardchaighdeán sna margaí idirnáisiúnta. Más mian leis an tionscal Éireannach bheith ina imreoir domhanda, beidh an nuálaíocht agus an iomaíocht riachtanach sa timpeallacht sin. Suite in aice le cuid de na meánna is táirgiúla san AE, is le hÉireann timpeall 25% nó 315,000 tona de na 1.2 milliún tona éisc a cheaptar sna huiscí seo faoi láthair.

D'fhéadfadh méadú ollmhór teacht ar an méid iasc ó thíortha eile a chloíonn le cuótaí a thugtar i dtír in Éirinn sna blianta atá romhainn, rud a fheabhsóidh an deis atá ag próiseálaithe anseo a ngnó a fhorbairt.

Tá an próiseas fáis sin ar bun cheana: in 2013 bhí láimhdeachas de bhreis is €20 milliún ag sé chuideachta; bhí láimhdeachas de bhreis is €20 milliún ag naoi gcuideachta in 2015. Sa tréimhse chéanna, tháinig méadú ó dhá chuideachta go dtí trí chuideachta ar líon na gcuideachtaí le láimhdeachas idir 40 milliún agus 45 milliún.

Le linn 2015 lean an BIM de thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí chun glacadh le cuir chuige níos comhtháite agus níos iomláine maidir le dúshláin na forbartha gnó, ag cur le scála agus leis an mbealach chun comhoibrithe mhargaidh agus ag tacú le fás sa mhargadh intíre agus i margaí onnmhairíochta ag an am céanna.



In 2015 tugadh deontais do **16 thionscadal bia mara ar luach iomlán €1.8m** faoin Scéim, ag tacú le hinfheistíocht fhoriomlán €6.8m ag na cuideachtaí seo san earnáil.

Cairteacha um Bainistíocht Iascach

Curtha le chéile go bliantúil ó 2005 i leith, cuireann an Chairt um Bainistíocht Iascach de chuid an BIM eolaí um reachtaíocht iascach saor in aisce ar fáil d'iascairí atá éasca é a thuiscint, eolaí a bhfuil cuótaí agus rialacháin maidir le trealamh iascaireachta curtha san áireamh ann. Rinneadh leagan 2015 na cairte a nuashonrú le faisnéis maidir leis an gceangaltas curtha i dtír, le mionsonraí inti faoi na speicis atá le tabhairt i dtír.

Iomaíocht Maoinithe

Le linn 2015 rinneadh 15 thionscadal um bainistíocht catagóirí, arna ndearadh chun éifeachtúlachtaí agus scála a bhaint amach in earnálacha na n-iasc geal agus an tsiogéisc agus san earnáil pheiligeach, a fhaomhadh le haghaidh maoinithe ar infheistíocht iomlán €871,609 le haghaidh fóirdheontais iomláin €564,597 atá comh-mhaoinithe ag an gCiste Eorpach Iascaigh (CEI).

Lena chois sin, cuireadh 16 thionscadal i bhfeidhm mar chuid den Scéim Infheistíochta um Próiseáil Bia Mara i bpáirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus le hÚdarás na Gaeltachta agus thar ceann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Mar chuid den Scéim Infheistíochta Caipitil um Próiseáil Bia Mara, díreann ar chlár chaipitil ar féidir leo cur le cumas breisluacha na hearnála próiseála. In 2015, tugadh deontais do 16 thionscadal bia mara ar luach iomlán €1.8m faoin Scéim atá Comh-mhaoinithe ag an CEI, ag tacú le hinfheistíocht fhoriomlán €6.8m ag na cuideachtaí seo san earnáil.

Le linn 2015, ghin na cuideachtaí atá ag feidhmiú sa Scéim Infheistíochta um Próiseáil Bia Mara díolacháin bhreise de thimpeall €19.7m mar aon le 96 phost nua.

Scála agus Fás a Thacú

Le linn 2015, thacaigh BIM le 30 príomhchuideachta scála, fás agus poist nua a sheachadadh trí chlár comhtháite FTN, trí fhorbairt chaipitil agus trí bhealach chuig comhpháirtíochtaí margaidh.

Clár Forbartha um Bainistíocht Bia Mara

Thionóil an BIM agus Fiontraíocht Éireann sraith ceardlann um fhorbairt straitéisí i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine chun tacú le cumais bhainistíochta a fhorbairt san earnáil um próiseáil bia mara. Chuir an gnólacht comhairleach gnó agus airgeadais Baker Tilly Ryan Glennon na ceardlanna ar siúl agus rinne sé meantóireacht orthu. Thug na cuideachtaí rannpháirteachta faoi athbhreithniú straitéiseach ar a ngnó chun tacú leis na príomhrudaí a foghlaimíodh ón gclár agus chun na rudaí sin a chur i bhfeidhm.

Dobharshaothrú

Bradán

Ag cur leis an gcleachtadh fíorluachmhar a fuarthas in 2013 agus 2014 maidir le córais rathúla chóireála a fhorbairt chun cur in aghaidh dúshlán nua bitheolaíoch, bhí bliain láidir ag táirgeoirí bradán feirme in 2015 (tháinig méadú ar an aschur agus ba bheagnach gur baineadh amach gnáthleibhéil arís eile). Tharla sé sin den chuid is mó toisc gur éirigh le táirgeoirí ráta marthanais 80% a chothú dá gcuid stoc saothróra le linn mhíonna tábhachtacha an tsamhraidh in 2014. Chuir torthaí na gclár oibre teicniúla BIM ó 2013 agus 2014 leis an ráta feabhsaithe marthanais sin. Infheistíodh a lán ama agus acmhainní i dtionscadail um aistriú teicneolaíochta agus um thaighde feidhmeach mar chuid de na cláir oibre sin, rud a chuir feabhas ar raon agus ar thorthaí na gcóireálacha chun déileáil leis na fadhbanna coimpléascacha geolbhach atá ag stoic ar muir.



Diúilicíní

Bhí bliain láidir freisin ag iascach na ndiúilicíní óga in 2015; tháinig feabhas ar an méid diúilicíní a díoladh mar gheall ar na 10,000 tonna de dhiúilicíní óga a rugadh orthu agus a leagadh síos arís iad in 2014. Cuireadh staidéar indéantachta i gcrích sa dara ráithe maidir le Grúpa Margaíochta um Dhiúilicíní Téide a chur ar bun in Éirinn. Dhírigh an staidéar sin ar mhargadh na ndiúilicíní sa Fhrainc agus cuireadh na torthaí in iúl don Tionscal.

Níor tháinig aon athrú mór ar tháirgeadh na ndiúilicíní téide agus thaispeáin an taighde go raibh tacaíocht níos mó ag tomhaltóirí do bhrandáil Dhiúilicíní Úra Orgánacha Éireannacha. Rinneadh struchtúr molta a fhorbairt don earnáil sa chéad ráithe agus cuireadh an struchtúr sin in iúl don tionscal.

Oisrí

Chuaigh éileamh láidir margaidh agus deiseanna nua ardluacha san Áise chun leasa tháirgeadh na n-oisrí. Leanadh ar aghaidh in 2015 le sraith tionscadail maidir le táirgeadh sceathrach oisrí do thionscal na hÉireann, lena n-áirítear sceathrach oisrí trioplóideacha a tháirgeadh, saoráidí feabhsaithe iasclainne agus toilleadh nua gorlann. Tosaíodh ar na chéad thrialacha allamuigh de sceathrach trioplóideach in 2015.

Iomaíocht Chomhoibritheach

Thug an BIM cúnamh deontais do sheacht dtionscadal iomaíochta comhoibrithí sna hearnálacha um próiseáil bia mara agus um tháirgeadh do Bharshaothraithe agus rinne sé éascaíocht ar na tionscadail sin. Chumhdaigh na tionscadail forbairt ar mhargaí na Síne agus na Stát Aontaithe, comhábhair bhithmhuirí, próiseáil intíre agus cuideachtaí do Bharshaothraithe. Ina measc sin bhí an comhlacht China Seafood Council (Comhairle Bia Mara na Síne) ach go háirithe, a cruthaíodh chun cur chuige straitéiseach

agus comhtháite a chumasú maidir le forbairt a dhéanamh ar mhargadh na Síne ag cuideachtaí bia mara. Thionóil an comhlacht roinnt cruinnithe in 2015 a dhírigh ar a thábhachtaí agus atá na rudaí seo a leanas: sóiléireacht maidir le lóistíocht, an timpeallacht rialála agus mhargaidh sa tSín, treochtaí do bhia mara beo agus reoite, an caighdeán a bharrfheabhsú agus struchtúir phraghsála an mhargaidh.

Tugadh faoi staidéar uilechuimsitheach ar shlabhra an tsoláthair idir mí an Mheithimh agus mí Lúnasa. Aithníodh roinnt príomhcheisteanna do bhia mara na hÉireann sa tSín, lena n-áirítear deiseanna chun táirgí den scoth a dhéanamh de tháirgí, forbairt mhiondiola nua-aimseartha agus ar líne, láithriú soiléir táirgí agus athphróifiliú an bhlais agus na pacáistíochta.

Bhí na comharghnónna seo a leanas i measc na seacht gcinn de thionscadail iomaíochta comhoibrithí:

- Asian Oyster Group
- Ocean Jade Processor Group
- Bio Marine Ingredients Ireland
- Atlantic Gold Processing Group
- Western Seafood Group
- Keohanes & Glenmar
- Errigal/CKI

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Cruinnithe an Bhoird

Thionóil an BIM 13 chruinniú bhoird in 2015, ag léiriú tiomantas na heagraíochta d'fhorbairt earnáil bia mara na hÉireann. Tionóladh cruinnithe eile chomh maith agus d'fhreastail stiúrthóirí an Bhoird ar na cruinnithe sin thar ceann na heagraíochta. Bhain na cruinnithe le hábhair a bhfuil baint acu le bia mara, amhail forbairt agus monatóireacht straitéisí agus rannpháirtíocht an BIM i dtuarascálacha an Rialtais Fómhar Bia 2020 agus Eolach ar an mBia 2025.

Forbhreathnú ar Fhuinneamh

Le linn 2015 d'ídigh an BIM 2,732 MWh de fhuinneamh, i.e.:

- 1,697MWh de leictreachas
- 778 MWh de bhreosla iontaise
- 257 MWh de ghás nádúrtha

Ceannaítear leictreachas agus gás nádúrtha faoi Chreat an Rialtais ó sholáthraithe a úsáideann breoslaí in-athnuaite chun cuid dá gcumhacht a ghiniúint.

Tháinig laghdú 8.47% ar an méid fuinnimh leictrigh a úsáideadh in 2015 i gcomparáid leis an mbliain roimhe, rud a léiríonn an laghdú ar tháirgeadh oighir don tréimhse chéanna. As iomlán an fhuinnimh leictrigh a ídíodh, úsáideadh 63% de i dtáirgeadh agus stóráil oighir chalógaigh, céatadán a bhí cosúil leis an mbliain roimhe. Úsáideadh an 37% eile chun seirbhísí ginearálta a sholáthar agus chun fuinneamh teirmeach a sholáthar in áitribh éagsúla (oifigí agus coláistí oiliúna).

Áirítear le hídíú ola díosail an t-ola a úsáidtear chun téamh teirmeach a sholáthar i bhfoirgnimh agus le haghaidh iompair (lena n-áirítear báid oibre agus iompar ar bhóithre). As na 778 MWh ídithe, úsáideadh leath amháin don téamh spáis teirmeach agus an leath eile don iompar.

Tá an BIM ag obair le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, agus ag seoladh tuarascálacha chuige go bliantúil, faoi chuspóir an Rialtais chun éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí a fheabhsú suas le 33% faoin mbliain 2020. Mar chuid den chlár seo tá athbhreithniú á dhéanamh ag an BIM ar réimsí oibríochta a úsáideann a lán fuinnimh. An cuspóir ná an éifeachtúlacht a fheabhsú agus an t-ídiú a laghdú.

Sláinte agus Sábháilteacht san Ionad Oibre

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (1989), lean an BIM le Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta agus le Buan-Nósanna Imeachta Oibríochta (BNIONna) a nuashonrú.

Thacaigh cláir um Iniúchtaí Sláinte agus Sábháilteachta ar phríomhphróisis agus ar phríomhionaid leis an obair sin.

Tá bearta cuí á gcur i bhfeidhm go fóill ag an BIM chun sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcuairteoirí ar a áitribh a chosaint.

An tEolas is Déanaí faoi TF

Lean an BIM ar aghaidh lena Straitéis TFC 2015-2017 a chur i bhfeidhm in 2015: rinneadh Timpeallacht TFC na heagraíochta a fheabhsú agus a uasghrádú. Thacaigh an TFC leis an ngnóthas freisin feidhmchláir nua ghnó a fhorbairt. Thacaigh na forbairtí agus na feabhsúcháin sin le tacaíocht a thabhairt do Sheirbhísí Breisluacha TFC leantacha buíochas le hairgead a shábháil agus le héifeachtúlacht mhéadaithe ghnó. Chuaigh an BIM i mbun a lán gníomhaíochtaí eile TFC, lena n-áirítear na rudaí seo a leanas: athghléasadh an príomhsheomra comhdhála agus an seomra ar leithligh le saoráidí nua-aimseartha closamhairc agus físchomhdhála, rinneadh freastalaithe fisiceacha oidhreacht a ascnamh chuig an réal príobháideach braislithe Microsoft Hyper V agus uasghrádaíodh an bonneagar slándála. Thosaigh TFC ag obair freisin ar fheidhmchlár nua gnó Seirbhísí Oiliúna agus ar láithreán gréasáin nua an Fhóraitim um Iascaigh Intíre a fhorbairt. Feidhmítear oibríochtaí TFC an BIM le tacaíocht iomlán ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tarlaíonn an ghníomhaíocht TFC go léir i gcomhthéacs teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí feabhsaithe a fhorbairt agus riachtanas nua gnó. Mar sin, déanann an BIM scrúdú i gcónaí ar bhealaí nua chun na Seirbhísí TFC a chuirtear ar fáil don eagraíocht a fheabhsú.

Rochtain Chomhtháite ar Sheirbhísí

Tá sé mar chuspóir ag BIM go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil don phobal i gcoitinne, sa chás gur indéanta agus gur cuí dó seo faoi mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005. Tá BIM tiomanta do chur i bhfeidhm Cóid Chleachtais maidir le Rochtain ar Fhaisnéis agus Sheirbhísí Poiblí a chuireann Comhlachtaí Poiblí ar fáil.

Saoráil Faisnéise

Cloíonn an BIM lena cheangaltais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. In 2015 fuair an BIM sé iarratas um shaoráil faisnéise: glacadh go hiomlán le cúig iarratas agus diúltaíodh don iarratas eile.

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An Bord Iascaigh Mhara

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara le haghaidh na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2015 faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Sna ráitis airgeadais cuimsítear an ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus le cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreafaí airgid thirim agus na nótaí lena mbaineann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm arna hordú faoi Alt 9 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Iascaigh Mhara 1952, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go coitianta.

Freagrachtaí Bhaill an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir iontu, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá mé freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Tá m'iniúchadh déanta agam trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith a ghabhann le Comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin. Chuir mé m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhréir leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí atá leagtha síos ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an Iniúchta a rinneadh ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná an fhaisnéis agus na méideanna agus an nochtadh go léir atá sna ráitis airgeadais a fháil atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide. Áirítear air seo measúnú a dhéanamh ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird Iascaigh Mhara, ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad
- a réasúnaí is a bhí meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- chur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht chomh maith le linn m'iniúchta fianaise a fháil mar gheall ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Lena chois sin, léim Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Iascaigh Mhara chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun aon fhaisnéis a shainaithint atá mícheart ó thaobh ábhar de bunaithe ar, nó nach bhfuil ag teacht ó thaobh ábhar de, leis an eolas a fuair mé le linn an iniúchta. Déanaim breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán do mo thuarascáil dá mbeinn eolach ar aon mhí-ráiteas soiléir nó ar aon neamhréireacht shoiléir ábhartha.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is í mo thuairim:

- go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais ar staid airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2015; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go coitianta.

Is í mo thuairim gurb leor taifid chuntasaíochta an Bhoird Iascaigh Mhara chun iniúchadh ceart a dhéanamh go réidh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a dTugaim Tuairisc Orthu mar Eisceacht

Tugaim tuairisc mar eisceacht más rud é nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó más rud é

- gur thug mé cás ábhartha ar bith faoi deara inar caitheadh airgead ar fheidhmeanna eile seachas na feidhmeanna beartaithe nó nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis rialála, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil bhliantúil an Bhoird Iascaigh Mhara comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais lena mbaineann nó leis an eolas a fuair mé le linn an iniúchta, nó
- mura léirítear sa ráiteas maidir le rialú inmheánach airgeadais go gcloíonn an Bord Iascaigh Mhara leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim amach go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh an gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dhéantar a thuairisciú mar eisceachtaí.

Patricia Sheehan
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 30 Meitheamh 2016

RÁITIS AIRGEADAIS

Ráiteas maidir le Freagrachtaí

Faoi alt 9(1) den chéad sceideal a ghabhann leis an Acht Iascaigh Mhara, 1952, ceanglaítear ar an mBord ráitis airgeadais a ullmhú i gcíbe foirm a fhaomhadh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara le comhthoiliú ó Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú.

Ceanglaítear ar an mBord na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais á gcur i dtoll a chéile:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a chur le chéile ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Bord Iascaigh Mhara i mbun feidhme;
- a shonrú cibé an leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nochtann le beachtas réasúnta ag tráth ar bith staid airgeadais an Bhord Iascaigh Mhara agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na ceanglais reachtúla. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as sócmhainní an Bhord Iascaigh Mhara a chosaint agus as céimeanna réasúnta a chur díobh le calaois, mar aon le mírialtachtaí eile, a chosc agus a aimsiú.



Kieran Calnan, Cathaoirleach.
Dáta 25 Meitheamh 2016



Sean O'Donoghue, Baill an Bhoird.
Dáta 25 Meitheamh 2016

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Tuigeann Baill an Bhoird go bhfuil siad freagrach as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá córas um rialú inmheánach airgeadais den saghas sin ceaptha chun rioscaí gnó a bhainistiú in ionad iad a dhíbirt agus ní féidir leis ach cinntiú réasúnta a thabhairt, seachas cinntiú iomlán, i gcoinne míráitis nó caillteanais ábhartha.

Seo a leanas na príomhnósanna imeachta arna mbunú ag Baill an Bhoird d'fhonn féachaint le córas um rialú inmheánach éifeachtach airgeadais a chur ar fáil:

Béim léir ar chuspóirí gnó faoi mar a chinneann an Bord i bhfianaise na gceanglas reachtúil.

- Struchtúr sainithe eagraíochta ina bhfuil freagrachtaí leagtha amach go soiléir, tarmligean údaráis agus deighilt idir dualgais a fhéachann le timpeallacht chuí rialaithe a chruthú.
- Próiseas um bainistíocht rioscaí a dhéanann breithniú ar phleananna straitéiseacha agus gnó i gcomhthéacs phróiseas an bhuiséid bhliantúil tráth a leagtar amach agus a dhéantar athbhreithniú ar phleananna agus ar spriocanna airgeadais ag an mBord i bhfianaise na spriocanna cinntithe.
- Córas tuairiscithe agus rialaithe lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanann an Bord ar an mbuiséad bliantúil chomh maith le hathbhreithniú rialta a dhéanamh ar na torthaí féin i leith an bhuiséid.
- Nósanna imeachta um rialú - coinníonn an Bord lámhleabhair chuimsitheacha ar nósanna imeachta maidir lena phríomhghníomaíochtaí go léir. Go sonrach tá teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir iontu maidir le caiteachas airgeadais, lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitil.
- Córais mhonatóireachta - déantar monatóireacht ar chomhlíonadh na nósanna imeachta rialaithe tríd an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh a fheidhmítear de réir an chreata

chun an cleachtas is fearr a chur i bhfeidhm arna leagan amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Cornhlachtaí Stáit 2009. Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil BIM nochta dó. Fuair an Coiste Iniúchta an tuarascáil ar iniúchadh inmheánach do 2015, lenar áiríodh tuairim an Iniúchára Inmheánaigh faoi leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Cuireadh é seo faoi bhráid an Bhoird. Chomh maith le hiniúchadh inmheánach agus córais monatóireachta, déanann iniúchóirí seachtracha obair iniúchta gach bliain ar na bearta éagsúla cúnamh deontais faoi mar a cheanglaítear faoi reachtaíocht rialaithe na mBeart ón AE. I mí na Bealtaine 2014 d'fhaomh an Bord plean iniúchta inmheánaigh trí bliana faoi choinne na tréimhse idir mí an Mheithimh 2014 agus mí na Bealtaine 2017.

- Bhunaigh an Bord an Fochoiste Iniúchta in 2009. Baill neamh-Fheidhmiúcháin an Bhoird atá ar an gCoiste agus déantar cathaoirleacht air ag Ball an Bhoird nach Cathaoirleach ar an bPríomhbhord é/í. Úsáidtear tuarascálacha chuig an gCoiste Iniúchta ón lucht bainistíochta, na hiniúchóirí seachtracha a dhéanann an obair iniúchta inmheánaigh ar Bhearta Deontais AE agus na tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina Litir Bhainistíochta nó tuarascálacha eile mar bhonn eolais maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar a héifeachtaí agus atá an rialú inmheánach airgeadais. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an Bord, faoi mar a iarradh, athbhreithnithe neamhspleácha ar shainchórais um rialú inmheánach airgeadais san eagraíocht.

Deimhnímid gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015.



Kieran Calnan, Cathaoirleach.
Dáta 25 Meitheamh 2016



Sean O'Donoghue, Baill an Bhoird.
Dáta 25 Meitheamh 2016

Ráiteas maidir le hloncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí loncaim Coinnithe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Tab- hair do d'aire	2015 € '000	(Athshonraithe) 2014 € '000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais	4	21,239	20,359
Glanmhaoiniú Iarchurtha don Scor			
Oibleagáidí Sochair	20(c)	1,986	2,240
Glanaistriú ón gCúlchiste Caipitil	16	(98)	(123)
		23,127	22,476
Deontais an AE	5	1,987	264
Láimhdeachas na nGléasraí Oighir	6	792	952
Ioncam Eile	7	2,064	1,263
		27,970	24,955
Caiteachas			
Forbairt Chaipitil Tionscail	8	6,967	6,693
Forbairt Reatha Tionscail	9(a)	10,524	8,249
Riarachán Reatha Tionscail	9(b)	4,061	4,362
Dímheas a Gearradh i Rith na Bliana	9(c)	1,239	1,169
Oibleagáidí Shochar Scoir	20(a)	3,812	4,039
Caiteachas ar Ghléasraí Oighir	6	851	841
		27,454	25,353
Barrachas/(Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithghabhálacha		516	(398)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 1 Eanáir		94	492
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		516	(398)
Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig		610	94

Baineann an t-ioncam agus caiteachas go léir don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha amhail an dáta tuairiscithe. Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo. D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 Aibreán 2016 agus síníodh iad ar a shon ag:


Kieran Calnan, Cathaoirleach.
Dáta 25 Meitheamh 2016


Sean O'Donoghue, Baill an Bhoird.
Dáta 25 Meitheamh 2016


Tara McCarthy, An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta 25 Meitheamh 2016

Ráiteas maidir le hloncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	2015 € '000	(Athshonraithe) 2014 € '000
Barrachas/(Easnamh) don bhliain		
Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí shochar scoir	516	(398)
Athruithe ar thoimhdí	(2,048)	(2,680)
	10,793	-
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha shochar scoir	(8,745)	2,680
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain	516	(398)

Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo. D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 Aibreán 2016 agus síníodh iad ar a shon ag:


Kieran Calnan, Cathaoirleach.
Dáta 25 Meitheamh 2016


Sean O'Donoghue, Baill an Bhoird.
Dáta 25 Meitheamh 2016


Tara McCarthy, An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Dáta 25 Meitheamh 2016

Ráiteas maidir le Staid Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Tab- hair do d'aire	2015 € '000	(Athshonraithe) 2014 € '000
Sócmhainní Seasta			
Maoín, Gléasra agus Trealamh	12	2,207	2,109
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	13	241	327
Fardal		18	10
Airgead Tirim agus coibhéisí in Airgead Tirim		1,803	1,060
		2,062	1,397
Dliteanas Reatha			
Iníochtaigh (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	14	(1,452)	(1,304)
Sócmhainní Iomlána Iúide Dliteanais Reatha roimh Phinsean		2,817	2,203
Sócmhainn Iarchurtha Mhaoinithe Shochar Scoir	20(c)	65,873	54,800
Oibleagáidí Shochar Scoir	20(b)	(65,873)	(54,800)
Glansócmhainní Iomlána		2,817	2,203
In ionannas le			
Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		610	94
Cúlchistí Caipitil	16	2,207	2,109
		2,817	2,203

Tá an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 Aibreán 2016 agus síníodh iad ar a shon ag:

		
Kieran Calnan , Cathaoirleach. Dáta 25 Meitheamh 2016	Sean O'Donoghue , Baill an Bhoird. Dáta 25 Meitheamh 2016	Tara McCarthy , An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Dáta 25 Meitheamh 2016

Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

	2015 € '000	(Athshonraithe) 2014 € '000
Réiteach ar an mBarrachas/(Easnamh) Oibriúcháin le Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha		
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	516	(398)
Ús Bainc	-	(2)
Muirear Dímhéasa	1,239	1,169
Aistriú ón gCuntas Caipitil	98	123
Brabús as díol Sócmhainní Seasta	(1)	-
(Méadú)/Laghdú ar an bhFardal	(8)	2
Laghdú/(Méadú) ar Infháltais	86	(103)
Méadú/(Laghdú) ar Iníochtaigh	148	(401)
Glán-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha	2,078	390
Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid		
Glán-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin/Forbartha	2,078	390
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Ús a Fuarthas	-	2
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Ghnóthú	(1,337)	(1,292)
Fáltas ó dhíol sócmhainní	1	-
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim agus ar Choibhéisí in Airgead Tirim	742	(900)
Airgead tirim agus coibhéisí in airgead tirim ag tús na bliana	1,060	1,960
Airgead tirim agus coibhéisí in airgead tirim ag deireadh na bliana	1,802	1,060

Tá Nótaí 1–23 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 Aibreán 2016 agus síníodh iad ar a shon ag:

		
Kieran Calnan , Cathaoirleach. Dáta 25 Meitheamh 2016	Sean O'Donoghue , Baill an Bhoird. Dáta 25 Meitheamh 2016	Tara McCarthy , An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Dáta 25 Meitheamh 2016

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta arna nglacadh ag an mBord Iascaigh Mhara. Cuireadh iad sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus don bhliain roimhe.

Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord Iascaigh Mhara faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952, agus tá a cheannoifig i nDún Laoghaire. Contae Bhaile Átha Cliath.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an Bhoird Iascaigh Mhara mar atá leagtha amach san Acht Iascaigh Mhara, 1952: an tionscal a fhorbairt ar tonn agus ar tír, chun a chur ar a chumas cur go hiomlán le geilleagar na réigiún cósta agus le geilleagar na tíre trí chéile. Is é BIM an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach go príomha as forbairt inbhuanaithe thionscail iasc farraige na hÉireann ar tonn agus ar tír, agus as éagsúlú gheilleagar an chósta. Is Eintiteas Poiblí Sochar (EPS) é an Bord Iascaigh Mhara.

Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 de réir CTA 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn agus arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (CTA), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is iad seo na chéad ráitis airgeadais de chuid an Bhoird Iascaigh Mhara a ullmhaíodh de réir CTA 102. Is é an 1 Eanáir 2014 an dáta ar athraíodh chuig CTA 102. Athshonraíodh i mbliana ráitis airgeadais na bliana roimhe sin mar gheall ar choigeartuithe ábhartha nuair a glacadh le CTA 102. Léirítear toradh an ghlactha sin i Nóta 2.

Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a ndéantar iad a thomhas ag a luach cóir mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá faofa ag Aire na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Iascaigh Mhara, 1952. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le nithe a réiteach a mheastar gur nithe ábhartha iad i dtaca le ráitis airgeadais an Bhoird Iascaigh Mhara.

Ioncam:

Deontais an Oireachtais

Sonraítear ioncam ar bhonn fabhraithe de ghnáth; an t-aon eisceacht ná Deontais an Oireachtais a shonraítear ar bhonn fáltas airgid, lena n-áirítear PFN Scéim an Dobharshaothraithe.

Aisiocaíochtaí ar na Deontais a Íocadh

Bíonn na deontais a íocadh in-aisíoctha in imthosca áirithe, mar shampla má dhéantar an chuideachta a fuair an deontas a leachtú/ dhíscaoileadh, nó mura gcloítear le coinníollacha an deontais. Sonraítear aisiocaíochtaí deontais nuair is dócha go bhfaighidh an Bord Iascaigh Mhara an t-airgead agus nuair is féidir an tsuim a mheas go hiontaofa; mar sin, cuirtear san áireamh iad ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Úis

Sonraítear ioncam úis ar bhonn fabhraithe ag úsáid an mhodha um ghlanráta úis.

Ioncam Eile

Sonraítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

Ioncam Iarchurtha

Is éard atá in ioncam iarchurtha ná maoiniú ón Eoraip agus maoiniú ón Scéim Cruatain Bhradán a iarchuireadh ar feitheamh caiteachais um sheachadadh seirbhísí.

Scéimeanna Deontais

Déantar íocaíochtaí faoi na scéimeanna éagsúla deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a chur i gcuntas ar bhonn airgid. Déantar ceangaltais a eascraíonn de bhun ceaduithe faoi na Scéimeanna éagsúla Deontais atá á bhfeidhmiú ag an mBord a léiriú i Nóta 17.

Drochfhiacha

Déantar soláthar le haghaidh iasachtaí agus fiach a bhfuiltear in amhras faoina n-íocaíocht agus déantar é seo a bhaint d’aon chaillteanas a bhfuil coinne leis de bhun ráthaíochtaí.

Glantar drochfhiacha sa bhliain ina ndéantar deireadh a chur le comhaontú na hiasachta atá i gceist.

Fardal

Is éard atá san fhardal ná earraí atá le hathdhíol, agus sonraítear é sna ráitis airgeadais ag an gCostas nó an Glanluach Inréadaithe (GLI), cibé acu is ísle. Ríomhtar an costas ar bhonn an ceann is túisce isteach, is túisce amach agus cuirtear na costais cheannacháin go léir san áireamh ann. Is é an GLI ná an praghas díola (fíorphraghas nó praghas measta) lúide na costais riachtanacha chríochnúcháin go léir.

Infháltais

Sonraítear infháltais ag a luach cóir, lúide soláthar in aghaidh fiach amhrasach. Déantar soláthar ar leith in aghaidh fiach amhrasach, agus cuirtear an soláthar sin i bhfeidhm más léir ó fhianaise oibiachtúil nach mbeidh an Bord Iascaigh Mhara in ann na suimeanna go léir atá ag dul dó a bhailiú. Sonraítear na gluaiseachtaí go léir i soláthar in aghaidh fiach amhrasach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Léasanna Oibriúcháin

Sonraítear an caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar saolré an léasa. Sonraítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go dtagann méadú ar an gcíos atá nasctha le ráta ionchais an bhoilscithe. Sa chás sin, sonraítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Sonraítear thar shaolré an léasa na dreasachtaí léasa a fhaightear.

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag a gcostas lúide dímheas carntha, agus iad mionchoigeartaithe do sholáthar in aghaidh bearnaithe, más ann dó. Déantar soláthar in aghaidh dímheasa ag rátaí measta ar an maoin, gléasra agus trealamh go léir, ach amháin talamh ruílse agus saothar ealaíne, chun an costas, lúide an luach iarmharach measta, atá ar gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

Talamh agus Áitribh	
(a) Talamh	Nialas
(b) Áitribh	
Stáisiúin Loingseoireachta – Bunaidh	2%
Stáisiúin Loingseoireachta – Breise	10%
Áitribh Eile	10%
Gléasra agus Innealra	
(a) Trealamh Oiliúna	16.6%
(b) Gléasra agus Innealra Eile	10%
(c) Trealamh Teicniúil	20%
Mótarfheithiclí	20%
Gléasanna agus Trealamh	
(a) Trealamh Iascaireachta	50%
(b) Árthaí	10%
(c) Trealamh Oifige	20%
(d) Trealamh Ríomhaire	33.3%

Is ionann an luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofá faoi láthair ar dhiúscairt sócmhainne, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, sa chás go mbeadh an tsócmhainn d'aois agus de riocht a mbeifeá ag súil leo ag deireadh a saoil úsáidigh.

Más ann d’fhianaise oibiachtúil go bhfuil luach sócmhainne bearnaithe, sonrófar caillteanas bearnaithe sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

Cúlchistí Caipitil

Is éard atá sna Cúlchistí Caipitil ná an luach gan amúchadh atá ar na deontais chaipitil a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Airgead Tirim agus Coibhéisí in Airgead Tirim

Is éard atá in airgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí prapéilimh. Is éard atá i gcoibhéisí in airgead tirim ná infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtacha ar féidir iad a chomhshó go réidh i suimeanna aitheanta airgid thirim, suimeanna nach bhfuil ach mionriosca ann go dtiocfaidh athrú ar a luach.

Airgeadraí Iasachta

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid in airgeadraí iasachta ag na rátaí malairte ar an dáta tuairiscithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart atá i gceist.

Pléitear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe le brabúis agus le caillteanais a eascraíonn as idirbhearta in airgeadraí iasachtacha agus as socraíocht na suimeanna infhaighte agus iníoctha.

Sochair na bhFostaithe:

Sochair Ghearrthéarmacha

Sonraítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear na sochair atá carnta ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na nIníocthach sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an mBord Iascaigh Mhara, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na mball foirne. Tá Scéim Pinsin Seirbhísí Poiblí Shingil (“Scéim Shingil”) á feidhmiú ag an mBord Iascaigh Mhara chomh maith, ar scéim le sochar sainithe í d’fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus sonraítear iad de réir ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne a choimeádann BIM. Sonraítear suim arb ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sí in-aisghabhála, agus cúitithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime

sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus sonraítear athrú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghabhála ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Léiríonn na ráitis airgeadais luach cóir na sócmhainní agus dliteanas a eascraíonn as ceangaltais pinsin an Bhoird Iascaigh Mhara, mar aon le haon mhaoiniú gaolmhar, agus sonraítear iontu na costais a bhaineann le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta inar gnóthaíodh ag na fostaithe iad. Déantar dliteanais maidir le scéim shochar scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

Soláthairtí

Sonraítear soláthairtí nuair atá ceangaltas reatha dlíthiúil nó inchiallaithe ar an mBord mar thoradh ar imeachtaí roimhe seo; is dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní de dhíth chun an ceangaltas a réiteach; agus gur féidir suim an cheangaltais a mheas go hiontaofa.

Suimeanna Teagmhasacha

Ní shonraítear dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as imeachtaí roimhe seo (i) mura dócha go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann nó mura féidir an tsuim a thomhas go hiontaofa amhail an dáta tuairiscithe, nó (ii) má dhéanfar iad a dheimhniú trí imeachtaí neamhchinnte a tharlóidh nó nach dtarlóidh sa todhchaí, nach bhfuil go hiomlán faoi rialú an Bhoird. Déantar dliteanais theagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais ach amháin más fánach an seans go dtarlóidh eis-sreabhadh. Ní shonraítear sócmhainní teagmhasacha. Déantar sócmhainní teagmhasacha a nochtadh sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh de shochair gheilleagracha.

2. Athrú chuig CTA 102

Roimh an 1 Eanáir 2014, d’ullmhaigh an Bord a ráitis airgeadais de réir an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh léi (CCGL) in Éirinn a bhí ar marthain roimhe seo. Ón 1 Eanáir 2014, roghnaigh an Bord a ráitis airgeadais bhliantúla a chur i láthair de réir CTA 102.

Athshonraíodh na figiúirí don bhliain 2014 lena léiriú gur ghlac an Bord le CTA 102 ón 1 Eanáir 2014, dáta an athraithe.

Is é seo a leanas réiteach ar an mbarrachas a ullmhaíodh de réir CCGL in Éirinn agus CTA 102 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus réiteach ar shuim na gcúlchistí iomlána amhail an 31 Nollaig 2014, roimh agus i ndiaidh do CTA 102 a bheith curtha i bhfeidhm:

	Cúlchistí amhail an 1 Ean 2014	Cúlchistí amhail an 31 Ean 2014
	€	€
Caipiteal agus Cúlchistí a Réiteach		
Cuntas caipitil	1,986	2,109
Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	684	255
Tionchar:		
(a) Fhabhrú shaoire le pá	(319)	(182)
(b) Mhuirir athfhillteachta ar an Tionscal Dobharshaothraithe	20	21
(c) Mhuirir athfhillteacha ar chostais oibríochtúla CCUIT	107	-
Mar a tuairiscíodh faoi CTA 102	492	94

	Easnamh don bhliain dar críoch an 31 Nol 2014
	€
Caipiteal agus Cúlchistí a Réiteach	
Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	429
Tionchar:	
(a) Fhabhrú shaoire le pá	137
(b) Mhuirir athfhillteachta ar an Tionscal Dobharshaothraithe	1
(c) Mhuirir athfhillteacha ar chostais oibríochtúla CCUIT	(107)
Mar a tuairiscíodh faoi CTA 102	(398)

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

2. Athrú chuig CTA 102 (ar lean)

(a) Fabhrú shaoire le pá

Cleachtas cuntasaoíochta a bhfuil glacadh leis (CCGL) in Éirinn: Níor sonraíodh soláthairtí le haghaidh fabhruithe saoire le pá faoin CCGL in Éirinn agus gearradh saoire le pá ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a íocadh í.

CTA 102: Faoin CTA 102, ní mór sochair ghearrthéarmacha fostaithe a ghearradh ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a fhaightear seirbhís an fhostaí.

Is é tionchar an athraithe sin ná méadú €318,620 ar chreidiúnaithe amhail an dáta athraithe agus €181,893 amhail an 31 Nollaig 2014. Tá méadú €318,620 tagtha ar an easnamh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013, agus tá laghdú €136,727 tagtha air don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

(b) Muirir athfhillteachta an Tionscal Dobharshaothraithe

Cleachtas cuntasaoíochta a bhfuil glacadh leis (CCGL) in Éirinn: Sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoin CCGL in Éirinn, sonraíodh mar ioncam eile/ioncam iascaigh, ar bhonn fáltas airgid, an t-ioncam i leith costas á n-aisíoc mar chuid den Tionscadal Dobharshaothraithe.

CTA 102: Sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi CTA 102, sonraíodh an t-ioncam sin ar bhonn fabhraithe chun an t-ioncam a mheaitseáil leis an gcostas gaolmhar.

Is é tionchar an athraithe sin ná méadú €19,944 ar fhéichiúnaithe amhail an dáta athraithe agus €21,342 amhail an 31 Nollaig 2014. Tá laghdú €19,944 tagtha ar an easnamh don bhliain dar

críoch an 31 Nollaig 2013, agus tá laghdú €1,398 tagtha air don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

(c) Muirir athfhillteacha Chomhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt (CCUIT)

Cleachtas cuntasaoíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn: Sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoin CCGL in Éirinn, sonraíodh mar ioncam/ioncam riaracháin eile, ar bhonn fáltas airgid, an t-ioncam i leith costas á n-aisíoc ag Comhairle Chomhairleach Uiscí an Iarthuaiscirt.

CTA 102: Sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi CTA 102, sonraíodh an t-ioncam sin ar bhonn fabhraithe chun an t-ioncam a mheaitseáil leis an gcostas gaolmhar.

Is é tionchar an athraithe sin ná méadú €106,717 ar fhéichiúnaithe amhail an dáta athraithe. Laghdaítear an t-easnamh faoi €106,717 don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013. Sa bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2014, fuair an Bord cistí ó CCUIT do na blianta 2013 agus 2014. Mar sin, ní raibh sócmhainn maidir le muirir athfhillteacha CCUIT riachtanach.

3. Breithiúnais agus Meastacháin An-Tábhachtacha Chuntasaíochta

Le linn do na ráitis airgeadais seo a bheith á n-ullmhú, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a chuireann isteach ar fhorfheidhmiú na mbeartas agus ar na suimeanna a thuairiscítear i leith sócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costas.

Déantar breithiúnais agus meastacháin a mheas go leanúnach agus bunaítear ar chleachtaí stairiúla agus ar thosca eile iad, lena n-áirítear ionchais maidir le himeachtaí amach anseo a mheastar gur ionchais réasúnta iad sna himthosca. Déanann an Bord meastacháin agus toimhdí maidir leis an todhchaí. Is annamh go mbeidh na meastacháin chuntasaíochta, faoi mar a thuigfeá, a eascraíonn as, mar an gcéanna leis na fiorthorthaí gaolmhara. Pléitear thíos na meastacháin agus na toimhdí a bhfuil baol mór ann go dtiocfaidh athrú ó thaobh ábhair de, dá mbarr, ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile:

(a) Saolréanna a bhunú chun críocha dímheasa do mhaoin, do ghléasra agus do threalamh

Is cuid mhór de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolacha, .i. maoin, gléasra agus trealamh den chuid is mó. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin luachanna iarmharacha. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar shaolréanna na sócmhainní agus athraíonn sé iad nuair is gá chun an smaointeoireacht reatha ar na saolréanna atá fágtha a léiriú i bhfianaise úsáid ionchasach geilleagrach agus riocht fisiceach na sócmhainní lena mbaineann. Is féidir le tionchar suntasach a bheith ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar na muirir dhímheasa don tréimhse. Tá mionsonraí faoi shaolréanna úsáideacha curtha san áireamh sna beartais chuntasaíochta.

(b) Soláthar in aghaidh fiach amhrasach

Déanann an Bord meastachán maidir le luach in-aisghabhála na bhféichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an Bord meastacháin atá bunaithe ar chleachtadh stairiúil chun leibhéal na bhfiach a shocrú go mb’fhéidir nach mbaileofaí iad. Cuirtear san áireamh sna meastacháin tosca amhail rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aosaithe na bhféichiúnaithe agus an cleachtadh stairiúil. Déantar athbhreithniú leanúnach ar leibhéal riachtanach an tsoláthair.

(c) Sochar scoir

Déanann an Bord na suimeanna atá ag dul dó ón Stát as an dliteanas iarchurtha neamhchistithe pinsin, a shonrú bunaithe ar roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear leis na himeachtaí sin tacaíocht rathúil don scéim aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtadh a bhaineann le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas bliantúil um meastachán.

Cé nach ann do chomhaontú foirmiúil, agus mar sin do ráthaíocht, i ndáil leis na suimeanna faoi leith seo leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, níl aon fhianaise ag an mBord nach mbainfidh an beartas maoinithe seo an tsuim seo amach de réir a chéile de réir an chleachtais reatha.

(d) Ceangaltais Shochar Scoir

Déantar nuashonrú go bliantúil ar na toimhdí atá mar bhunús ag na luachálacha achtúireacha dá ndéantar na suimeanna atá sonraithe sna ráitis airgeadais a leagadh amach (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí báis agus rátaí treochta um chostais cúram sláinte) bunaithe ar chúinsí geilleagracha reatha, agus má dhéantar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i gcion ar thoimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardchaighdeáin corparáideacha.
- (ii) leibhéil cúitimh, cúinsí mhargadh an tsaothair amach anseo.
- (iii) rátaí treochta um chostais cúram sláinte, ráta an bhoilscithe de bharr costais leighis i réigiúin ábhartha.

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

4. Deontais an Oireachtais: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	2015 € '000	2014 € '000
Forbairt Reatha – Fotheideal Vóta A.8	12,516	11,984
Forbairt Chaipitil – Fotheideal Vóta A.8	6,500	6,250
Scéim um Próiseáil Dobharshaothraithe an PFN – Fotheideal Vóta C.7.3	1,803	1,591
Scéim Thráchtála Dobharshaothraithe an PFN – Fotheideal Vóta C.7.4	420	534
	21,239	20,359

5. Deontais AE	2015 € '000	2014 € '000
Deontais a Fuarthas		
Tionscadal AE na nAlgaí Scagtha	-	89
Tionscadal Acrunet an AE	203	175
Dobharshaothrú Thionscadal Erasmus an AE	16	-
Tionscadal COLUMBUS BG 11	1,768	-
	1,987	264

Tabhair do d'aire: Cuireadh fáлтаis uile an AE i bhfeidhm sa bhliain agus tá an caiteachas lena mbaineann i Nóta 8.

6. Ba iad seo a leanas na Torthaí oibriúcháin maidir le Soláthar Oighir:	2015 € '000	Athshonraithe 2014 € '000
Láimhdeachas	792	952
Lúide:		
Pánna	(362)	(356)
Costais oibriúcháin	(406)	(385)
Costais riaracháin	(83)	(100)
Caiteachas Iomlán ar Ghléasraí Oighir	(851)	(841)
(Easnamh)/Barrachas ar oibríochtaí	(59)	111

Tabhair do d'aire: Tá measúnú gníomhach á dhéanamh ag Bord na Stiúrthóirí ar phlean gnó maidir le hoibríochtaí déanta oighir amach anseo. Tabharfar an cás gnó seo chun críche faoin 31 Lúnasa 2016.

7. Ioncam Eile	2015 € '000	Athshonraithe 2014 € '000
Ús Bainc	-	2
Ioncam Riaracháin/Cíos Infhála	375	371
Ioncam Riaracháin/Tionscnamh Dobharshaothraithe	102	81
Cruinniú Mullaigh faoi Bhia Mara 2014	-	4
Ioncam ó Iascaigh	912	211
Ioncam ó Iascaigh - Cornhairle na nUiscí Iarthuaidh	87	216
Ioncam ó Fhorbairt Gnó agus Nuálaíocht	87	80
Ioncam ó Oiliúint	132	199
Ioncam ó Dhoibharshaothrú Oisrí Teitreaplóideacha agus Ioncam Domhanfharraige	289	70
Aisíocaíochtaí ar Dheontais Iascaigh Mhara	79	29
Fáltas Brabúis ó Dhíol Sócmhainní	1	-
	2,064	1,263

8. Caiteachas ar Fhorbairt Chaipitil Tionscail - lena n-áirítear deontais	2015 € '000	2014 € '000
Iascaigh Mhara	2,511	2,655
Scéim Sábháilteachta Feabhsaithe-GSP-RAP (Glanfháltais Oiliúna)	95	39
Dobharshaothrú	3,607	3,311
Clár Forbartha Gnó agus Nuálaíochta	754	688
	6,967	6,693

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

9. Caiteachas ar Fhorbairt Reatha Tionscail

	2015 € '000	Athshonraithe 2014 € '000
(a) Forbairt		
Iascaigh Mhara	2,929	2,513
Dobharshaothrú	2,349	2,133
An Rannóg Oiliúna	1,437	1,318
Forbairt Gnó agus Nuálaíocht	1,532	1,605
Faisnéis agus Pleanáil	509	680
Tionscadal COLUMBUS BG 11	1,768	-
	10,524	8,249
(b) Riarachán		
Tuarastail Foirne	1,419	1,499
Baill Foirne Riaracháin Taistil	75	74
Táillí agus costais taistil Bhaill an Bhoird	46	34
Cíos, Rátaí agus Deisiúchán	1,122	1,384
Guthán, Postas agus Páipéarachas	190	182
Próiseáil Sonraí	351	403
Cumhacht, Soilse agus Glantóireacht	104	73
Táillí Dlí, Gairmiúla agus Sainchomhairleoirí	291	305
Táille Iniúchta	21	21
Tuarascáil Bhliantúil	6	5
Árachas	146	136
Costais Oiliúna agus Forbartha Foirne	185	155
Ilnithe, Costais Ghinearálta agus Suibscríbhinní Trádála	105	91
	4,061	4,362
(c) Dímheas		
Dímheas i rith na bliana	1,239	1,169
Iomlán	15,824	13,780

10. Costais Foirne

Gearrtar tuarastail foirne na bliana ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais faoi na teidil seo a leanas. Gearrtar pá Oibreoirí na nGléasraí Oighir ar chostais reatha na nGléasraí Oighir (Féach Nóta 5).

	Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2015	2015 € '000	Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2014	2014 € '000
(a) Tuarastail Foirne de réir Rannóige				
Tuarastail maidir le Forbairt Gnó agus Nuálaíochta - Nóta 9 (a)	17	1,034	19	1,110
Tuarastail maidir le Seirbhísí Oiliúna - Nóta 9 (a)	15	880	15	786
Tuarastail maidir le Forbairt Iascaigh – Nóta 9 (a)	22	1,561	22	1,489
Tuarastail maidir le Forbairt Dobharshaothraithe – Nóta 9 (a)	27	1,737	27	1,734
Seirbhísí Corparáideacha – Nóta 9 (b)	24	1,419	26	1,560
Tuarastail maidir le Faisnéis agus Pleanáil – Nóta 9 (a)	5	300	5	333
Oibreoirí na nGléasraí Oighir – Nóta 6	11	362	11	356
	121	7,293	125	7,368

Tabhair do d'aire: Íocann BIM 9 dá liúntais foirne (comhlán) i dtaca le héide dar luach €11,244, cíos €3,961 agus dualgais bhreise €4,776, cleachtas atá i bhfeidhm i BIM le blianta fada agus iarrfar cead ar an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun leanúint de na liúntais sin a íoc.

	Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2015	2015 € '000	Líon na mBall Foirne amhail an 31 Nollaig 2014	2014 € '000
(b) Pinsin a Íocadh sa Bhliain				
Pinsinéirí	110	1,996	105	1,987
Íocaíochtaí Cnapshuime		172		173
	110	2,168	105	2,160

Baineadh tobhach pinsin €407,302 ó bhaill foirne agus íocadh é leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tar éis rialú an AE i 2008 rinneadh ball seasta foirne de gach ball foirne ar conradh a bhí i dteideal conartha thréimhse éiginnte. Áirítear na baill foirne seo le líon na mball foirne atá údaraithe, mar a com- haontaíodh leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

(c) Miondealú ar shochair na bhfostaithe

Raon Iomlán na bhFostaithe		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go dtí	2015	2014
€60,000	€69,999	30	26
€70,000	€79,999	13	15
€80,000	€89,999	4	4
€90,000	€99,999	2	2
€100,000	€109,999	3	2
€110,000	€119,999	-	-
€120,000	€129,999	-	-
€130,000	€139,999	-	-
€140,000	€149,999	-	-
€150,000	€159,999	-	-
€160,000	€169,999	-	-

11. Tuarastal na Stiúrthóirí agus an POF

		Táillí 2015	Táillí 2014	Taisteal Speansais 2015	Taisteal Speansais 2014
		€'000	€'000	€'000	€'000
An tUas. Kieran Calnan (Téarma 13 Meitheamh 2012 go dtí 12 Meitheamh 2015)	An Cathaoirleach	-	-	10	4
An tUas. Sean O'Donoghue (Téarma 02 Márta 2014 go dtí 01 Márta 2017)	Stiúrthóir	8	7	5	4
An tUas. Padraig O'Ceidigh (Téarma 30 Aibreán 2013 go dtí 14 Bealtaine 2014)	Stiúrthóir	-	3	-	1
An tUas. Damien McLoughlin (Téarma 21 Márta 2014 go dtí 20 Márta 2017)	Stiúrthóir	-	-	-	-
An tUas. William Deasy (Téarma 27 Bealtaine 2014 go dtí 26 Bealtaine 2017)	Stiúrthóir	8	4	5	4
An tUas. Raymond Harty (Téarma 9 Iúil 2014 go dtí 8 Iúil 2017)	Stiúrthóir	8	4	3	2

Thionóil an Bord 13 chruinniú iomlána in 2015 agus d'fhreastail Comhaltaí Boird ar chruinnithe eile thar ceann BIM. D'fhreastail beirt Chomhaltaí Boird ar chruinnithe eile lasmuigh den Bhord agus ar Chruinnithe Iniúchta thar ceann BIM.

	Freastal an Bhoird 2015	Cruinnithe Eile 2015
An tUas. Kieran Calnan	13	4
An tUas. Sean O'Donoghue	13	4
An tUas. Damien McLoughlin	9	-
An tUas. William Deasy	13	-
An tUas. Raymond Harty	10	-

	Tuarastal 2015 €'000	Tuarastal 2014 €'000
POF ón 1 Meán Fómhair 2015	40	-
POF eatramhach mí Eanáir go dtí mí Lúnasa 2015 (mí Lúnasa go dtí mí na Nollag in 2014)	78	48
Iar-POF mí Eanáir 2014 go dtí mí Lúnasa 2014	-	90

Cuireann an POF reatha le scéim chomhordaithe sochair aoisliúntais shainithe Bhord Iascaigh Mhara don fhoireann.

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

12. Maoin, Gléasra agus Trealamh	Iomlán €'000	Talamh agus Áitribh € '000	Gléasraí agus Innealra € '000	Mótarfheithiclí € '000	Gléasanna agus Trealamh € '000
Costas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	55,948	10,667	13,574	475	31,232
Breiseanna	1,337	277	184	58	818
Mionchoigeartú ar Chlár na Sócmhainní Seasta	(32,353)	(4,915)	(9,361)	-	(18,077)
Diúscairtí	(186)	-	(3)	-	(183)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	24,746	6,029	4,394	533	13,790
Dímheas					
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	53,839	9,689	13,237	387	30,526
Muirear don Bhliain	1,239	274	154	53	758
Mionchoigeartú ar chlár na sócmhainní seasta	(32,353)	(4,915)	(9,361)	-	(18,077)
Diúscairtí	(186)	-	(3)	-	(183)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	22,539	5,048	4,027	440	13,024
Glanluach Leabhair					
Amhail an 31 Nollaig 2015	2,207	981	367	93	766
Amhail an 31 Nollaig 2014	2,109	978	337	88	706

TABHAIR DO D'AIRE: Le blianta beaga anuas tá an-chuid oibre déanta ag an mBord chun Clár na Sócmhainní Seasta a thabhairt chun réitigh le luach stairiúil costais na sócmhainní de réir na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an luach stairiúil costais sócmhainní a ceannaíodh blianta fada ó shin (breis is 40 bliain ó shin i gcásanna áirithe) nach bhfuil aon ghlanluach leabhair orthu. Ag eascair as an tionscadal seo, d'fhaomh an Bord sócmhainní a bhfuil luach stairiúil €32 orthu, ach nach bhfuil aon ghlanluach leabhair orthu, a dhíscríobh.

13. Infháltais	2015 € '000	Athshonraithe 2014 € '000
Infháltais Iasachta	892	892
Infháltais Eile	231	355
Réamhíocaíochtaí	157	183
	1,280	1,430
Lúide: Soláthar le haghaidh Fiach Amhrasach	(1,039)	(1,103)
	241	327

Tá luachanna córa na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochtaí gar dá suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Tagraíonn Féichiúnaithe Iasachta de €892,000 do Dingle Boats Teo agus déantar soláthar iomlán dó in Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach. Tá an fiach seo faoi réir imeachtaí dlíthiúla.

14. Iníocthaigh (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	2015 € '000	Athshonraithe 2014 € '000
Ioncam Iarchurtha	55	55
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	-	14
Iníocthaigh agus fabhruithe trádála	1,397	1,235
	1,452	1,304

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarmaí na reachtaíochta ábhartha. Gearrtar ús ar íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunaidh. Na suimeanna eile a chuirtear san áireamh i gcreidiúnaithe, nach bhfuil cumhdaithe ag nochtadh nótaí ar leith, is suimeanna neamhurraithe iad atá gan ús agus iníoctha ar éileamh.

15. Ceangaltais Léasa	€ '000
Amhail an 31 Nollaig 2015 bhí na híocaíochtaí íosta todhchaíocha léasa seo a leanas ag BIM, faoi léasanna oibriúcháin nach féidir iad a chealú, do na tréimhsí seo a leanas:	
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	717
Iníoctha laistigh de dhá bhliain suas le cúig bliana	74
Iníoctha tar éis cúig bliana	100
	891

Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

16. Cúlchistí Caipitil

	2015 € '000	2014 € '000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	2,109	1,986
Aistriú (chuig an)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachas:		
Maoiniú Bhreiseanna Sócmhainní	1,337	1,292
Amúchadh i gcomhréir le Dímheas Sócmhainní	(1,239)	(1,169)
Aistriú chuig an Ráiteas maidir leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	98	123
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	2,207	2,109

17. Dlíteanais agus Ceangaltais Theagmhasacha

Ní raibh aon dlíteanais agus ceangaltais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2015, a d'eascair as seo a leanas:

- (a) Ráthaíochtaí d'Institiúidí Airgeadais i leith iasachtaí arbh ionann iad agus €165,229. Sealbhaítear céadmhorgáiste mar urrús do na ráthaíochtaí seo. Níor iarradh ar an mBord aon íocaíochtaí a dhéanamh i ndáil le ráthaíochtaí in 2015.
- (b) Ba iad seo a leanas na hiarmhéideanna gan íoc i leith áiseanna airgeadais a faomhadh ach nár glacadh leo amhail an 31 Nollaig:

	€'000
Dobharshaothrú	-
Iascaigh	-

- (c) Léasaítear foirgneamh na ceannoifige ó Oifig na nOibreacha Poiblí. Áirítear dlíteanas leis an léas seo maidir leis an bhfoirgneamh a choinneáil mar a bhí sé ag an tús. Ba dhoiligh meastachán a thabhairt don obair seo, agus ní chhlúdófaí é seo go dtí tabhú an chaiteachais.
- (d) Níl aon imeacht dlí á chosaint ag an mBord.

18. Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann

Ionchorpraíodh an Tionscnamh Dobharshaothraithe Trasteorann, lena dtacaíonn an Clár Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas, i 1998 mar Ghrúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch (GELE) agus cláraíodh in Oifig na gCuideachtaí é. Tá sé faoi chomhúinéireacht BIM agus Bhia Mara Thuaisceart Éireann Teoranta (Northern Ireland Seafood Limited).

An 31 Nollaig 2011, tar éis comhairle dlí a fháil, cinneadh go ndéanfaí cúigear duine d'fhoireann GELE a aistriú chuig párolla BIM. Cuirtear na daoine sin san áireamh anois in uimhreacha Chreat Rialaithe um Fhostaithe BIM. Is fostaithe BIM anois iad, ach in ainneoin sin tá obair éigin á déanamh go fóill ag iarbhaill foirne GELE ar an tionscadal GELE, mar chuid dá gceangaltais GELE roimhe seo.

Tá cúnamh deontais á fháil faoi láthair ag an GELE ó Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe Thuaisceart Éireann (RTFT). Tá an cúnamh deontais seo sa chonradh ag an GELE seachas ag BIM. Cuireadh sonrasc chuig an Tionscnamh Dobharshaothraithe do na costais go léir lena mbaineann, ar féidir cúnamh deontais a fháil ina leith, a thabhaigh BIM (€107k in 2015) agus aisíocadh na costais sin go léir le BIM.

19. Ciste Cothromais Bheanntraí

Bhunaigh an Rialtas an ciste faoi leith seo le forbairt thionscal do Bharshaothraithe réigiún Bheanntraí a chur chun cinn tar éis dhúnadh Chríochfort Ola Fhaoide. Ní féidir luach na scaireanna seo a mheas go cruinn de bharr go mbraitheann sé ar fheidhmíocht na bhfiontar. Sealbhaítear na scaireanna uile in ainm an Aire Airgeadais.

	2015 € '000	2014 € '000
Sealbhaíodh na hinfheistíochtaí seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2015:		
Kush Seafarms Teoranta	19	19
Fastnet Mussels Teoranta	19	19
	38	38

20. Costais Shochair Scoir

(a) Costais Scoir

	2015 € '000	2014 € '000
Anailís ar na costais iomlána shochar scoir a gearradh ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus le Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:		
Costas Seirbhíse Reatha	1,158	1,400
Ús ar Dhlíteanais Scéime Pinsin	2,996	3,000
Ranníocaíochtaí Fostaí	(342)	(361)
	3,812	4,039

(b) Gluaisteacht i nglan-Oibleagáidí Shochar Scoir

Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir	54,800	54,900
Costas Seirbhíse Reatha	1,158	1,400
Ranníocaíochtaí Fostaí	342	340
Ús ar Dhlíteanais Scéime Pinsin	2,996	3,000
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	8,745	(2,680)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(2,168)	(2,160)
	65,873	54,800

Toimhdí Airgeadais

Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha:

Ráta méadaithe na dtuarastal	3.1%	4%
Ráta méadaithe na bpinsean á n-íoc	2.6%	4%
Ráta Lascaine	2.5%	5.5%
Ráta Boilscithe	1.6%	2%

